



Tithe an
Oireachtais
Houses of the Oireachtas

**Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta
agus na nOileán**

32Ú DÁIL ÉIREANN / 25Ú SEANAD ÉIREANN

**TUARASCÁIL AR NA DÚSHLÁIN A BHAINNEANN
LE CRAOLTÓIREACTH NA GAEILGE**

BEALTAINÉ 2019



Tithe an
Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán

32Ú DÁIL ÉIREANN / 25Ú SEANAD ÉIREANN

**TUARASCÁIL AR NA DÚSHLÁIN A BHAINNEANN
LE CRAOLTÓIREACT NA GAEILGE**

BEALTAINÉ 2019

Innéacs

Réamhrá	6
1. Moltaí an Chomhchoiste	8
2. Brollach.....	10
3. Comhthéacs agus Forbhreathnú	11
3.1 Seirbhísí Craolacháin Poiblí.....	11
3.2 Údarás Craolacháin na hÉireann	11
3.3 An Earnáil Neamhspleách	12
4. Na Dúshláin a bhaineann le Craoltóireacht na Gaeilge	13
4.1 Reachtaíocht agus Rialú.....	13
4.2 Maoiniú agus Caiteachas.....	15
4.3 Ábhar Craoltóireachta	16
4.4 Naisc leis an lucht féachana / éisteachta	17
4.5 Fotheidealú	18
5. Achoimre ar an bPlé idir an Comhchoiste agus na Finnéithe	20
5.1 TG4 – Teilifís na Gaeilge	22
5.1.1 Maoiniú agus Caiteachas.....	22
5.1.2 Nascacht leis an bPobal / Lucht Féachana.....	23
5.1.3 Ábhar Craoltóireachta	24
5.1.4 Fotheidealú.....	25
5.1.5 Comhpháirtíocht	26
5.1.6 An Earnáil Neamhspleách	26
5.2 RTÉ – Raidió Teilifís Éireann.....	27
5.2.1 Maoiniú agus Caiteachas.....	27
5.2.2 Nasc leis an bPobal / An Lucht Féachana	27
5.2.3 Ábhar Craoltóireachta	29
5.2.4 Fotheidealú.....	30
5.2.5 Comhpháirtíocht	30
5.2.6 Eile.....	30
5.2.7 Raidió na Gaeltachta	31
5.3 Údarás Craolacháin na hÉireann	31
5.4 Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Coláiste Mhuire gan Smál Ollscoil Luimnigh	33
5.5 Raidió na Life	34

5.6	Raidió Rí-Rá	35
5.7	Raidió na dTreabh	36
5.8	Raidió Fáilte	36
5.9	Léiritheoirí Scáileáin Éireann / Screen Producers Ireland	37
5.10	Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann / Independent Broadcasters of Ireland	39
Aguisín 1 –	Gealltanais TG4 maidir le Craoltóireacht na Gaeilge	40
Aguisín 2 –	Gealltanais Raidió Teilifís Éireann maidir le Craoltóireacht na Gaeilge	42
Aguisín 3 –	Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland: A Dhualgais maidir le Craolachán Gaeilge (An tAcht Craolacháin 2009)	44
Aguisín 4 –	Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland: Gníomhaíochtaí maidir le Craolachán Gaeilge	45
Aguisín 5 –	Fotheidealú	47
Aguisín 6 –	Cruinnithe an Chomhchoiste agus Finnéithe os a Chomhair	50
Aguisín 7 –	Comhaltaí an Chomhchoiste	51

Réamhrá

Le dhá bhliain anuas thug Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán (an Comhchoiste) aghaidh ar an gcrúachás atá soiléir i gcráoltóireacht na Gaeilge. Idir mí Eanáir 2017 agus mí na Nollaig 2018 d'eagraigh an Comhchoiste ocht gcruinniú le finnítithe a bhaineann leis an gcráoltóireacht, an reachtaíocht agus le hacadúlaigh, agus tháinig na finnítithe os comhair an Chomhchoiste chun a dtuaraimí ar an ábhar a nochtú.

Is léir ón eolas a tugadh don Chomhchoiste go bhfuil staid na Gaeilge sa chraoltóireacht thar a bheith lag le blianta anuas agus go bhfuil géarchéim ann anois don teanga ó thaobh seirbhísí craolacháin de sa Stát. Dar ndóigh, ní an Comhchoiste féin amháin a tháinig ar an tuaraim seo, ach an Coimisinéir Teanga féin, a luaigh ina thuarascáil bhliantúil do 2018 nach raibh an craoltóir náisiúnta Raidió Teilifís Éireann (RTÉ) ag comhlíonadh a dhualgas reachtúla faoin Acht Craolacháin 2009 i dtaca le cláir theilifíse Ghaeilge.

Sa tuarascáil chuimsitheach seo, is mian leis an gComhchoiste léargas a thabhairt ar stádas na teanga sa chraoltóireacht i gcoitinne agus sna seirbhísí craolacháin poiblí ach go háirithe. Feictear don Chomhchoiste gur sna réimsí seo a leanas atá na dúshlán is mó ann don Ghaeilge – reachtaíocht agus rialú, maoiniú agus caiteachas, ábhar craoltóireachta, lucht féachana agus éisteachta, agus fotheidealú.

Maidir le 'reachtaíocht agus rialú', tá dhá easnamh mhóra ann i gcónaí – stádas lag na Gaeilge sa reachtaíocht chraolacháin reatha agus béim ró-lag an rialóra ar chosaint na teanga sa chraolacháin, mar atá leagtha amach san Acht Craolacháin 2009.

Leagtar amach na moltaí seo a leanas sa tuarascáil seo:-

Moladh 1: Go dtreiseofaí le práinn na míreanna faoin nGaeilge san Acht Craolacháin 2009 chun cur ar chumas Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ / BAI) polasaithe Gaeilge gníomhacha a fhorbairt i bpáirt le craoltóirí an Stáit.

Moladh 2: Go n-aithneofaí 'Craoltóireacht na Gaeilge' mar phríomhdhualgais in aon sainmhíniú nua de 'craoltóireacht sheirbhísí poiblí' agus in aon reachtaíocht chumarsáide leasaithe nó nuadréachtaithe.

Maidir le 'maoiniú' níl aon amhrais ann ach gur fhulaing TG4 go mór ó 2008 i leith agus go raibh aschur ns gclár Gaeilge ar an stáisiún thíos leis seo go mór dá bharr.

Moltar mar sin:-

Moladh 6: Go ndéanfadh an Rialtas an laghdú de €6,000,000 a d'fhulaing TG4 ó tharla an cúlú eacnamaíochta a athbhronnadh ar an stáisiún agus go bhféachfaí air seo mar 'athbhunú' den mhaoiniú a gearradh.

Is é an dúshlán is mó a bhaineann le 'nasc agus gaol a chruthú leis an lucht féachana / éisteachta' ná aird an phobail sin a dhíriú ar an gcráoltóireacht Ghaeilge. Tá an dúshlán seo ag éirí níos deacra bliain i ndiaidh bliana agus líon na gcráoltóirí agus na n-ardán domhanda ag dul i méid.

Moltar mar sin:-

Moladh 12: Go dtabharfadh craoltóirí faoi na dúshláin atá ann i gcónaí lucht éisteachta agus lucht féachana Gaeilge a aithint, agus idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais éagsúla na ngrúpaí sin ar bhonn aoisghrúpa agus cúlra socheacnamaíoch.

Tá ceist ann freisin maidir leis na cineálacha clár atá á léiriú trí Ghaeilge, mar shampla, an bhfuil seánraí ar leith ann a oireann níos fearr do lucht labhartha na teanga agus a mheallann lucht éisteachta / féachana níos leithne?

Bealach amháin timpeall ar seo ná:-

Moladh 7: Go gcinnteodh Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) go mbeadh idirdhealú dearfach i bhfeidhm don Ghaeilge in aon athbhreithniú ar scéim mhaoiniúcháin dá gcuid a bhaineann le hábhar craolacháin.

Níl sa mhéad thuas ach na príomh-mholtaí a d'eascair as an bplé iomlán, agus tá liosta iomlán de na moltaí leagtha amach thíos.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an tuarascáil seo ag a chruinniú ar an 21 Bealtaine 2019 agus beartaíodh í a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, í a fhoilsiú agus preasráiteas a eisiúint ina leith. Comhaontaíodh freisin cóip den tuarascáil a sheoladh chuig na hAirí agus na heagraíochtaí ábhartha agus tuaraimí a lorg maidir le moltaí na tuarascála.

Ar deireadh, gabhaim buíochas leis na finnétithe (feic Aguisín 6 – Cruinnithe an Chomhchoiste agus Finnétithe os a Chomhair) as a gcúnamh a thabhairt don Chomhchoiste trí fhreastal ar chruinnithe an Chomhchoiste agus as léargas sainiúil agus dúshlánach a thabhairt ar chraoltóireacht Ghaeilge na linne seo. Bunaithe ar an eolas a fuarthas, tá géarghá le moltaí an Chomhchoiste a chuir i bhfeidhm gan mhoill.



Catherine Connolly TD
Cathaoirleach an Choiste
21 Bealtaine 2019

1. Moltaí an Chomhchoiste

Reachtaíocht agus Rialú

1. Go dtreiseofaí le práinn na míreanna faoin nGaeilge san Acht Craolacháin 2009 chun cur ar chumas Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) polasaithe Gaeilge gníomhacha a fhorbairt i bpáirt le craoltóirí an Stáit.
2. Go n-aithneofaí ‘Craoltóireacht na Gaeilge’ mar phríomhdhualgais in aon sainmhíniú nua de ‘craoltóireacht sheirbhísí poiblí’ in aon reachtaíocht chumarsáide leasaithe nó nuadhréachtaithe.
3. Go ndéanfadh Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) polasaithe Gaeilge gníomhacha a fhorbairt i bpáirt leis na stáisiúin raidió thráchtála sa chaoi is go gcothófaí tuiscint sna stáisiúin sin ar riachtanais éisteachta na n-éisteoirí le Gaeilge, agus an soláthar ar chóir a chuir ar fáil dóibh. Bíodh an soláthar Gaeilge seo á chur san áireamh ag ÚCÉ / BAI in aon athbhreithniú / mhonatóireacht a dhéanfar ar na stáisiúin.
4. Go mbunódh Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) Coiste Comhairleach Gaeilge agus go n-athfhostófaí Oifigeach Forbartha Gaeilge.
5. Go dtabharfadh RTÉ agus TG4 fúthu féin a gcuid gealltanais reachtúla neamhchomhlíonta maidir leis an nGaeilge a chomhlíonadh gan mhoill.

Maoiniú

6. Go ndéanfadh an Rialtas an laghdú de €6,000,000 a d’fhulaing TG4 ó tharla an cúlú eacnamaíochta a athbhronnadh ar an stáisiún agus go bhféachfaí air seo mar ‘athbhunú’ den mhaoiniú a gearradh.

Ábhar Craolacháin

7. Go gcinnteodh Údarás Craoltóireacht na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) go mbeidh idirdhealú dearfach i bhfeidhm i dtaobh na Gaeilge in aon athbhreithniú ar scéim mhaoiniúcháin dá gcuid a bhaineann le hábhar craolacháin.
8. Go ndéanfadh RTÉ a rannóg, Cláracha Gaeilge, a athbhunú mar rannóg lánaimseartha, mar atá geallta ina Phlean Meáin Ghaeilge.
9. Go dtabharfadh TG4 agus RTÉ faoi chomhthionscnamh maidir le hábhair a chruthú d’fhoghlaim na Gaeilge ar a gcuid seirbhísí chraoltóireachta.

10. Go n-aontódh TG4, chomh luath agus is féidir, téarmaí trádála bunaithe ar chód cleachtais cóirtrádála idir TG4 agus an earnáil neamhspleách Gaeilge.
11. Go mbunófaí bealach raidió faoi RTÉ le seirbhís 24 uair a chloig trí Ghaeilge a bheadh dírithe go hiomlán ar aos óg na tíre.

Naisc le Luchtanna Féachana / Éisteachta

12. Go dtabharfadh craoltóirí faoi na dúshláin atá ann i gcónaí lucht éisteachta / féachana Gaeilge a aithint, agus idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais éagsúla na ngrúpaí sin ar bhonn aoisghrúpa, cumas teanga agus cúlra socheacnamaíocha.
13. Go ndéanfaí maoiniú ar shuirbhé / thaighde chun teacht ar eolas bailí agus cruinn ar líon na n-éisteoirí stáisiúin pobail / sainspéise lán-Ghaeilge (Raidió na Life, Raidió na dTreabh) trí dheontas ar leith ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, mar chuid dá gníomhais i leith na Gaeilge.
14. Go mbeadh sé ina aidhm ag craoltóirí a gcuid clár Gaeilge féin a léiriú a bheadh in oiriúint dá lucht féachana / éisteachta féin agus go gcraolfaí na cláir seo le linn na mbuaicamanna féachana / éisteachta.

Fotheidealú

15. Go ndéanfaí méadú ar fhotheidealú i nGaeilge agus i mBéarla ar RTÉ agus TG4.
16. Go mbeadh rannóg inmheánach ag TG4 chun fotheidealú a dhéanamh ar chláir.
17. Go mbeadh fotheidealú i nGaeilge ar fáil ar chláir Bhéarla, chun freastal ar phobail na Gaeilge.
18. Go dtabharfaí aird ar na canúintí labhartha Gaeilge in aon fhotheidealú.

2. Brollach

Is éard atá sa cháipéis seo ná tuarascáil ó Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán maidir leis na dúshláin a bhaineann leis an gcráoltóireacht Ghaeilge in Éirinn. Díritear don chuid is mó ar eolas a sholáthraigh na finnétithe a tháinig os comhair an Chomhchoiste sa tréimhse 2017-2018.

Léiríonn an t-eolas a cuireadh ar fáil don Choiste go bhfuil ról lárnach ag na craoltóirí seirbhísí poiblí sa chraolachán Gaeilge i gcoitinne – is é RTÉ an cainéal is mó féachana agus éisteachta sa Stát agus is é TG4 an t-aon chainéal ar a bhfuil an t-ábhar craolacháin is mó i nGaeilge. Gan iad beirt, bheadh éifeacht tubaisteach ann don teanga i gcráoltóireacht an Stáit.

I gCuid 3 den cháipéis seo, ‘Comhthéacs agus Forbhreathnú’, déantar cur síos ar an reachtaíocht reatha agus ar na dualgais atá ar na craoltóirí seirbhísí poiblí (RTÉ / TG4) agus ar an rialtóir craolacháin, Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI), maidir le craolacháin na Gaeilge. Tá eolas anseo freisin ar dhearcadh na léiritheoirí neamhspleácha maidir leis an téama.

Leagtar amach achoimre chuimsitheach ar na dúshláin a bhaineann leis an gcráoltóireacht Ghaeilge i gCaibidil a 4 thíos, ‘Na Dúshláin a bhaineann le Craoltóireacht na Gaeilge’. Is ag eascairt as an gcur síos agus ón anailís seo a thagann na moltaí a liostáiltear i gCuid 1 thuas.

Tá mórchuid d’ábhar na tuarascála seo bunaithe ar an eolas a fuarthas ó na finnétithe a bhuaill leis an gComhchoiste idir 2017 agus 2018 agus áirítear na haithisc a tugadh agus an plé a bhí ann san achoimre i gCaibidil a 5, ‘Achoimre ar an bPlé idir an Comhchoiste agus na Finnétithe’ thíos. Tá na dúshláin don chraoltóireacht Ghaeilge a aithnítear agus a pléitear sa chuid seo den tuarascáil bunaithe ar an bplé úd.

Tugtar eolas breise in Aguisíní 1–7 maidir leis na páirtithe leasmhara chomh maith le cúlra na craoltóireachta Gaeilge agus an reachtaíocht chraoltóireachta i gcoitinne.

3. Comhthéacs agus Forbhreathnú

Is é an tAcht Craolacháin 2009 (<http://www.acts.ie/ga.act.2009.0018.1.html>) ('An tAcht' amach anseo) a leagan síos na forálacha a bhaineann le craolachán sa Stát.

3.1 Seirbhísí Craolacháin Poiblí

Is iad TG4 agus RTÉ an dá chraoltóir seirbhísí poiblí ar a leagtar dualgais maidir leis an nGaeilge sa reachtaíocht chuí. Leagtar amach na príomhdhualgais i gCuid 7 den Acht Craolacháin 2009 (Caibidil 1, 2 agus 3) a bhaineann le forálacha:-

- comhchoiteanna corparáide craolacháin seirbhíse poiblí i gcoitinne;
- a bhaineann go sonrach le RTÉ amháin;
- a bhaineann go sonrach le TG4 amháin.

Cé nach bhfuil aon sainmhíniú tugtha don téarma 'ábhar craolacháin poiblí', tá dualgas ar TG4 agus RTÉ seirbhísí craolacháin 'de ghné seirbhíse poiblí' a chur ar fáil, ar sheirbhísí iad de réir an Achta (TG4 – Seirbhís theilifíse amháin). Ó thaobh na Gaeilge de, tá dualgais ar RTÉ réimse cuimsitheach clár Gaeilge agus Béarla a chur ar fáil a bhfreagróidh d'éagsúlacht chultúir oileáin na hÉireann, agus tá na dualgais chéanna ar TG4, ach na cláir a bheith as Gaeilge go príomha. Tá comhdhualgais ar an dá chraoltóir ráitis straitéise a fhoilsiú gach cúig bliana ina leagtar amach cuspóirí an chraoltóra don tréimhse ábharthach. Déantar cur síos sna ráitis seo ar na príomhghníomhaíochtaí straitéiseacha thar cúig bliana agus na pleananna maidir leis an nGaeilge.

Tá gealltanais TG4 agus RTÉ ar fáil in Aguisín 1 – Gealltanais TG4 maidir le Craoltóireacht na Gaeilge agus in Aguisín 2 – Gealltanais Raidió Teilifís Éireann maidir le Craoltóireacht na Gaeilge thíos faoi seach.

3.2 Údarás Craolacháin na hÉireann

Is é Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (<https://www.bai.ie/ga/>) (ÚCÉ / BAI) an rialtóir atá freagrach as ceadúnú seirbhíse uile raidió agus teilifíse sa Stát. I measc a gcuid príomhfheidhmeanna, áirítear sainiú cóid agus rialacha don earnáil chraolacháin ina iomláine trí mhonatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaoltóirí ceadaithe leis na cóid / rialacha craolacháin agus / nó lena gconarthaí craolacháin. Déanann sé socrú agus glactar cinntí maidir le gearáin ó luchtanna féachana agus ó luchtanna éisteachta maidir le hábhar a craoladh freisin.

Cuireann ÚCÉ / BAI maoiniú nach beag é ar fáil ón bhfáltas ceadúnas teilifíse chun cláir agus cartlannú ábhair chraoltóireachta a chuir ar fáil. Déantar tagairt ar leith ina Ráiteas Straitéise 2017-2019 (<http://www.bai.ie/ga/maidir-linne/raiteas-strateise/>) d'ábhar Gaeilge i gcráoltóireacht na hÉireann do luchtanna féachana agus éisteachta.

Baineann impleachtaí freisin le Cuid a 10 den Acht Craolacháin 2009 ina leagtar síos na forálacha a bhaineann leis an gCoiste Craolacháin, ciste ar leith as a dtagann maoiniú airgeadais gur fiú é agus 7% den ioncaim ón gceadúnas teilifíse (thart ar €14,000,000 sa bhliain). Is faoi stiúir ÚCÉ / BAI atá an ciste seo agus tá dhá scéim ann faoi láthair:-

- Scéim Ciste 'Sound & Vision' – scéim mhaoinithe do chláir teilifíse agus raidió, 25% ar a laghad de cláir Gaeilge san áireamh;
- Scéim an Chiste Chartlainne – maoiniú chun tacú le cultúr cartlannaithe a fhorbairt in earnáil chraolacháin na hÉireann trí mhaoiniú a thabhairt chun oidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú.

Liostáiltear na hait ábharthacha a bhaineann leis an gcráoltóireacht Ghaeilge in Aguisín 3 – Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland: A Dhualgais maidir le Craolachán Gaeilge thíos, agus gníomhaíochtaí ÚCÉ / BAI maidir leis an nGaeilge in Aguisín 4 – Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland: Gníomhaíochtaí maidir le Craolachán Gaeilge.

3.3 An Earnáil Neamhspleách

Is iad na léiritheoirí neamhspleácha, don chuid is mó, na príomhsholáthróirí d'ábhar craolacháin Gaeilge don earnáil teilifíse. Tháinig borradh suntasach ar líon na gcomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha le scór bliain anuas le teacht TG4 ar an bhfód. Tháinig méadú freisin ar aschur na gcomhlachtaí agus léiritheoirí neamhspleácha le tabhairt isteach na scéime 'Sound & Vision' de chuid ÚCÉ / BAI in 2003. Is é Léiritheoirí Scáileáin Éireann / Screen Producers Ireland (LSÉ / SPI) an eagraíocht ionadaíoch don earnáil léiriúcháin neamhspleách agus is é Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann / Independent Broadcasters of Ireland (CNÉ / IBI) an scátheagraíocht do chraoltóirí neamhspleácha sa Stát. Cuirtear eolas ar fáil ar na heagraíochtaí thuas in altanna 5.9 agus 5.10 thíos.

4. Na Dúshláin a bhaineann le Craoltóireacht na Gaeilge

Tá géarchéim ann anois don teanga náisiúnta ó thaobh seirbhísí craolacháin de sa Stát agus muna dtabharfaí aghaidh ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann léi gan mhoill, aireofar fadhbanna ina taobh amach anseo, go háirithe ó thaobh freastal cuí a dhéanamh ar phobal na Gaeilge.

Is cosúil nach bhfuil an reachtaíocht reatha a bhaineann le craoltóireacht na Gaeilge ag freastal ar na riachtanais teanga ar bhealach atá éifeachtach. Chomh maith leis sin, ní airítear go bhfuil na heagraíochtaí stáit atá freagrach as cur chun cinn agus monatóireacht ar an reachtaíocht chéanna, réamhghníomhach go leor chun dul i ngleic leis na dúshláin ar a dhéantar cur síos orthu sa cháipéis seo. Tá am na díospóireachta ag teacht chun deireadh agus tá gá láithreach le hathruithe sa reachtaíocht, le hathrú meoin rialtais agus le hinfheistíocht chaipitil sa chraoltóireacht Ghaeilge chun í a thógail slán as an gcruachás reatha agus a hinmharthanacht a chinntiú do na glúnta atá romhainn.

Feictear ón bhfianaise a fuair an Chomhchoiste gurb é an dúshlán is mó atá ann don chraoltóireacht Ghaeilge ná a laghad ábhar Gaeilge atá le feiceáil agus le cloisteáil ar sheirbhísí raidió agus teilifíse sa Stát agus an líon thar a bheith teoranta de lucht féachana / éisteachta don ábhar seo. Cé go bhfuil freastal áirithe á dhéanamh ag TG4, RTÉ1, agus RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus na stáisiúin phobail Ghaeilge ar an gcraolachán Gaeilge i gcoitinne, ní leor seo iontu féin, in ainneoin an dearcaidh fhíor-dhearfaigh atá ag an lucht féachana / éisteachta ina leith. Moltar go láidir an t-éacht atá á dhéanamh acu cheana féin ach, ceal mhaoiniú airgeadais breise, níl mórán eile gur féidir leo a dhéanamh chun an teanga a dháileadh níos leithne ar na haerthonnta agus lucht féachana / éisteachta níos leithne a mhealladh. Fiú le maoiniú breise, ní leo siúd amháin dualgais chraoltóireachta na Gaeilge. Caithfear aghaidh a thabhairt láithreach ar an easpa ábhair craolacháin ar sheirbhísí eile de cuid RTÉ agus ar sheirbhísí na raidió tráchtála agus pobail i gcoitinne atá ag déanamh neamhaird don teanga sa chraoltóireacht.

Is léir ón bplé leis an gComhchoiste gur sna réimsí seo a leanas atá na dúshláin is mó agus déantar achoimre orthu seo i 4.1 go 4.5 thíos.

4.1 Reachtaíocht agus Rialú

Is é an bunphíosa reachtaíochta a bhaineann leis an gcraolachán Gaeilge ná an tAcht Craolacháin 2009 agus tá moltaí maidir le leasuithe don Acht Craolacháin 2009 seo pléite go mion ag an gComhchoiste um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá an Tuarascáil agus na moltaí ar fáil anseo:-

<http://www.oireachtas.ie/parliament/media/committees/communicationsclimatec/hangenaturalresources/Future-Funding-of-PSB-REPORT-Laid-13-Dec-2017.pdf>

Níl aon amhras ann ach go bhfuil impleachtaí dearfacha anseo don chraolachán Gaeilge go ginearálta ach ní fheadar an bhfuil scagadh níos anailís le déanamh ar na codanna sin ag a mbeadh impleachtaí acu don chraoltóireacht Ghaeilge chun féachaint an bhfuil an leas is fearr á bhaint as an reachtaíocht reatha nó nach bhfuil.

Taobh amuigh den reachtaíocht chraolacháin amháin, tá an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 ann ina luaitear spriocanna áirithe don teanga sa chraoltóireacht. Maidir le RTÉ, tá sprioc leagtha amach go bhforbrófaí RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá tagairtí do spriocanna eile sa Straitéis maidir le hábhar Gaeilge ar sheirbhísí teilifíse a leathnú amach ach níl rian de seo le feiceáil i sceideal RTÉ ó 2010 i leith. Cúlú atá tarlaithe don Ghaeilge sa chraoltóireacht ó foilsíodh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus is léir nach bhfuil an Straitéis ag freagairt a dhóthain ar riachtanais chraoltóireachta na Gaeilge.

Maidir le Comhaontú Aoine an Chéasta, ní léir go bhfuil sé ag freagairt a dhóthain do riachtanais chraoltóireachta na Gaeilge nó go bhfuil dul chun cinn agus comhlíonadh mholtaí an Chomhaontaithe maidir leis an gcaoltóireacht Ghaeilge thrasteorann sásúil go leor.

MOLTAÍ:-

- Moladh 1: Go dtreiseofaí le práinn na míreanna faoin nGaeilge san Acht Craolacháin 2009 chun cur ar chumas Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) polasaithe Gaeilge gníomhacha a fhorbairt i bpáirt le craoltóirí an Stáit.
- Moladh 2: Go n-aithneofaí ‘Craoltóireacht na Gaeilge’ mar phríomhdhualgais in aon sainmhíniú nua de ‘craoltóireacht sheirbhísí poiblí’ in aon reachtaíocht chumarsáide leasaithe nó nuadhréachtaithe.
- Moladh 3: Go ndéanfadh Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) polasaithe a fhorbairt maidir leis an Ghaeilge i bpáirt leis na stáisiúin raidió thráchtála sa chaoi is go gcothófaí tuiscint sna stáisiúin sin ar riachtanais éisteachta na n-éisteoirí le Gaeilge, agus an soláthar ar chóir a chuir ar fáil dóibh. Bíodh an soláthar Gaeilge seo á chur san áireamh ag ÚCÉ / BAI in aon athbhreithniú/mhonatóireacht a dhéanfar ar na stáisiúin.
- Moladh 4: Go mbunódh Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) Coiste Comhairleach Gaeilge agus go n-athfhostófaí Oifigeach Forbartha Gaeilge.
- Moladh 5: Go dtabharfadh RTÉ agus TG4 fúthu féin a gcuid gealltanais reachtúla neamhchomhlíonta maidir leis an nGaeilge a chomhlíonadh gan mhoill.

4.2 Maoiniú agus Caiteachas

Chuir TG4 agus RTÉ in iúl ina gcur i láthair go bhfuil gá le maoiniú breise do na seirbhísí craolacháin poiblí chun freastal ar, agus chun cur leis, an lucht féachana / éisteachta le Gaeilge. Is ón státchiste agus ón bhfógraíocht a thagann mórchuid den airgead do TG4 agus do RTÉ. Is cinnte go bhfuil an-difear déanta ag an Scéim um Mhaoiniú Craolacháin, 'Sound & Vision', de chuid ÚCÉ / BAI le nach mór cúig bliana déag anuas ach is féidir an cheist a chur i gcónaí an bhfuil an leas is fearr á bhaint ag na craoltóirí agus ag an earnáil léiriúcháin neamhspleách as an scéim seo. D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an maoiniú atá ar fáil faoi láthair i gcás léiriúcháin trí Ghaeilge agus léiriúcháin dhátheangacha agus méadú sa mhaoiniú sin a fhiosrú.

Foinse eile airgid a théann go mór i bhfeidhm ná an t-ioncam a thagann isteach ó fháltas an cheadúnais theilifíse. Tá an dá chraoltóir ag brath air seo a bheag nó a mhór ach is cinnte nach bhfuil bailiúchán na táille ceadúnais seo chomh éifeachtach agus a d'fhéadfadh sé a bheith. Tá sé ráite ag RTÉ go bhfuil cailteanais de nach mór 14% nó idir €35,000,000 agus €40,000,000 ann sa bhliain in ainneoin go bhfuil méadú de 18,000 ar líon na dteaghlach sa tír, mar thoradh orthu siúd a éiríonn leo an táille ceadúnais teilifíse a sheachaint.

Tá athruithe ollmhóra i bhfeidhm anois maidir le húsáid na n-ardán craolacháin agus nósanna an lucht féachana / éisteachta maidir leis an ardán / na hardáin a roghnaíonn siad chun teacht ar ábhar craolacháin. Ní mór don chraolacháin i nGaeilge a bheith sofheicthe sa mhargadh nua seo nó tá contúirt ann go rachaidh ábhar craolacháin i nGaeilge i léig. Cé go bhfuil buntáistí ag baint leis na hardáin nua seo, tá míbhuntáistí ag baint leo freisin sa chaoi is go dtéann siad i bhfeidhm ar ioncam fógraíochta na seirbhísí craolacháin poiblí. Tá níos mó ná leathchhead cainéal sa Stát, idir cainéil náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus cothaíonn díolachán fhógraí iomaíocht fhíochmhar idir na hardáin uile. De réir mar a bhogann na húsáideoirí chuig na hardáin neamhthraidisiúnta, is mó a leanann na fógróirí iad agus cothaítear dúshláin nach beag iad do na craoltóirí dúchasacha fógróirí a mhealladh agus ioncam a charn.

Aithnítear an buntáiste a bheadh ann do na craoltóirí agus do na maoinitheoirí a bheith ag obair as lámh a chéile ar chomhfhiontair straitéiseacha fhéideartha. D'fhéadfaí cruinniú a reáchtáil leis na príomhimoirí (TG4, RTÉ, LSÉ / SPI, Bord Scannán na hÉireann, Ciste Craoltóireachta Gaeilge {Tuaisceart Éireann}, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 – an Roinn Cumarsáide, Conradh na Gaeilge) chun comhstraitéis mhaoiniúcháin don chraoltóireacht Ghaeilge a phlé agus moltaí láidre praiticiúla a chur chun cinn. B'fhiú machnamh a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun dul i ngleic leis na dúshláin seo a bhaineann le maoiniú don earnáil ach go háirithe.

MOLTAÍ:-

- Moladh 6: Go ndéanfaidh an Rialtas an laghdú de €6,000,000 a d'fhulaing TG4 ó tharla an cúlú eacnamaíochta a athbhronnadh ar an stáisiún agus go bhféachfaí air seo mar 'athbhunú' den mhaoiniú a gearradh.

4.3 Ábhar Craoltóireachta

Is cinnte go bhfuil réimse clár Gaeilge ar ardchaighdeán á chraoladh ag seirbhísí craoltóireachta an Stáit ach is léir chomh maith go bhfuil easpa ábhair chraolacháin i nGaeilge ann i gcónaí. De réir an taighde lucht féachana a chuireann TG4 agus RTÉ ar fáil maidir leis na cláir theilifíse is mó féachana, tá tuilleadh eolais ag teastáil maidir leis na cineálacha clár seo agus an poitínseal atá acu lucht féachana sásúil a mhealladh. Tá ceist ann freisin maidir leis na cineálacha clár atá á léiriú trí Ghaeilge, mar shampla, an bhfuil seánraí ar leith ann a oireann níos fearr do lucht labhartha na teanga agus a mheallann lucht éisteachta / féachana níos leithne?

Maidir leis na cineálacha clár Gaeilge a craoltar ar na seirbhísí poiblí raidió (RTÉ amháin sa chás seo), is cinnte go bhfuil RTÉ Raidió na Gaeltachta ag soláthar sceidil iomlán trí Ghaeilge. Chun eolas níos mine a fháil ar lucht éisteachta na seirbhíse sin, bheadh tuilleadh taighde ag teastáil agus táthar ag súil le modhanna taighde nua agus go mbeidh sonraí ar fáil air seo go luath.

Ceistítear sa chás seo éifeacht na reachtaíochta reatha chun éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar ábhair chraolacháin i nGaeilge. Maidir leis an scéim 'Sound & Vision' atá faoi stiúir ÚCÉ / BAI, tá tagairt san Acht Craolacháin 2009 (Alt 154 (1)) do na cineálacha clár atá i dteideal maoiniú a fháil agus, cé go bhfuil na téamaí cláir a luaitear sách leathan, meastar go bhfuil srianta áirithe ag baint leo freisin.

Anuas air seo, déantar tagairt in Alt 112 den Acht Craolacháin 2009 do chód cleachtais cóirtrádála agus conarthaí sínithe idir comhlachtaí léiriúcháin agus TG4 leis na comhlachtaí neamhspleácha léiriúcháin. Dar le LSÉ / SPI, níl coinníollacha cóirtrádála aontaithe go fóill le TG4 agus leis an earnáil agus tá na comhlachtaí léiriúcháin Gaeilge thíos leis dá bharr.

Caithfear aghaidh a thabhairt freisin ar impleachtaí an Bhreitheachta ar ábhar craolacháin i nGaeilge. Is minic do chlár de chuid TG4 a bheith comh-mhaoinithe ag an gCiste Craoltóireachta Gaeilge (Irish Language Broadcast Fund) agus maoinitheoirí eile ach tá sé doiléir ag an bpointe seo an mbeidh iarmhairtí ann do thograí comh-mhaoinithe tar éis don Bhreatain an tAontas Eorpach a fhágáil.

<http://www.northernirelandscreen.co.uk/irish-language-broadcast-fund/>

Maidir le soláthraithe ábhair chraolacháin Ghaeilge, tá samhail iontach maith cruthaithe ag TG4 leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách. Le teacht TG4 ar an bhfód, tá dáileadh maith réigiúnach ann idir na comhlachtaí léiriúcháin Gaeilge agus b'fhiú go mór cur leis an réigiúnachas seo agus teacht ar bhealaí nua chun inmharthanacht na struchtúr seo a chaomhnú. Tá dúshlán ann i gcónaí don earnáil neamhspleách féin ábhar a chruthú agus a léiriú i margadh atá thar a bheith iomaíoch agus ina bhfuil na hardáin chraoltóireachta ar a foilsítear nó ar a craoltar an t-ábhar seo ag athrú agus ag forbairt nach mór ó lá go lá. Ní mór a lua, áfach, go bhfuil buntáistí sofheicthe ag baint leis na margaí nua seo freisin.

MOLTAÍ:-

- Moladh 7: Go gcinnteodh Údarás Craoltóireacht na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland (ÚCÉ / BAI) go mbeidh idirdhealú dearfach i bhfeidhm i dtaobh na Gaeilge in aon athbhreithniú ar scéim mhaoiniúcháin dá gcuid a bhaineann le hábhar craolacháin.
- Moladh 8: Go ndéanfadh RTÉ a rannóg, Cláracha Gaeilge, a athbhunú mar rannóg lánaimseartha, mar atá geallta ina Phlean Meáin Ghaeilge.
- Moladh 9: Go dtabharfadh TG4 agus RTÉ faoi chomhthionscnamh maidir le hábhair a chruthú d'fhoghlaim na Gaeilge ar a gcuid seirbhísí chraoltóireachta.
- Moladh 10: Go n-aontódh TG4, chomh luath agus is féidir, téarmaí trádála bunaithe ar chód cleachtais cóirtrádála idir TG4 agus an earnáil neamhspleách Gaeilge.
- Moladh 11: Go mbunófaí bealach raidió faoi RTÉ le seirbhís 24 uair a chloig trí Ghaeilge a bheadh dírithe go hiomlán ar aos óg na tíre.

4.4 Naisc leis an lucht féachana / éisteachta

Is é an dúshlán is mó a bhaineann le nasc agus gaol a chruthú leis an lucht féachana / éisteachta ná aird an phobail sin a dhíriú ar an gcraoltóireacht Ghaeilge. Tá sé seo ag éirí níos deacra bliain i ndiaidh bliana agus líon na gcraoltóirí agus na n-ardán domhanda ag dul i méid. Roinnt blianta ó shin ní raibh an dara rogha ag an bpobal ach dul chuig na seirbhísí craolacháin náisiúnta chun teacht ar chraoltaí i nGaeilge. Tá an spás sin leathnaithe amach go mór ó shin, áfach, ach tá baol ann go gcaillfí an t-ábhar i ndomhan níos mó nó go dteipfidh ar an gcraoltóir / soláthróir ábhar Gaeilge a scaipeadh go forleathan ar na hardáin eile ag a bhfuil rochtain ag an bpobal. Mar a luaigh TG4 ina chur i láthair don Choiste, léiríonn taighde de cuid Google go bhfuil 'YouTube' ag tógáil 35 nóiméad in aghaidh an lae d'úsáid iomlán mheáin an tomhaltóra, rud a chiallaíonn gurb é seo an dara cainéal is mó féachana do dhaoine fásta sa Stát.

Is dúshlán mór é seo do na craoltóirí dúchasacha agus tá géarghá ann dóibh aghaidh a thabhairt air seo tríd infheistíocht láidir a dhéanamh i soláthar seirbhísí láidre thar réimse níos leithne de na hardáin nua. Caithfear leanúint leis an nuálaíocht atá léirithe go dtí seo, go háirithe ag TG4 maidir le hábhar Gaeilge ar líne, ar sheirbhísí soghluaiste agus ar na meáin shóisialta. Is modhanna iad seo freisin chun cláir thraidisiúnta a dháileadh i mbealaí úrnua chun teacht ar an bpobal féachana / éisteachta is leithne.

MOLTAÍ:-

- Moladh 12: Go dtabharfadh craoltóirí faoi na dúshláin atá ann i gcónaí lucht éisteachta / féachana Gaeilge a aithint, agus idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais éagsúla na ngrúpaí sin ar bhonn aoisghrúpa, cumas teanga agus cúlra socheacnamaíocha.
- Moladh 13: Go ndéanfaí maoiniú ar shuirbhé / thaighde chun teacht ar eolas bailí agus cruinn ar líon na n-éisteoirí stáisiúin pobail / sainspéise lán-Ghaeilge (Raidió na Life, Raidió na dTreabh) trí dheontas ar leith ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, mar chuid dá gníomhais i leith na Gaeilge.
- Moladh 14: Go mbeadh sé ina aidhm ag craoltóirí a gcuid clár Gaeilge féin a léiriú a bheadh in oiriúint dá lucht féachana / éisteachta féin agus go gcraolfaí na cláir seo le linn na mbuaicamanna féachana / éisteachta.

4.5 Fotheidealú

Úsáidtear fotheidealú (fotheidil agus seirbhísí closamhairc) don chuid is mó mar áiseanna rochtaine do sheirbhísí craolacháin Béarla sa tír seo.

Níl an teicneolaíocht chéanna fhotheidealaithe in úsáid ag na comhlachtaí éagsúla a dháileann comhartha craolta teilifíse in Éirinn (cábala, satailít agus trastíre). Mar shampla, tá sé de chumas TG4 an rogha a thabhairt do lucht úsáide córais iOS na fotheidil a mhúchadh más mian leo, rud nach féidir a dhéanamh ar aon ardán eile.

Mar gheall go bhfuil próiseáil chognaíoch níos déine i gceist chun an focal scríofa a léamh i gcomparáid le héisteacht leis an bhfocal labhartha, tá sé níos éasca focail a fhoghlaim agus cuimhneamh orthu tar éis iad a léamh. Dá bharr, bheadh cláir theilifíse as Béarla le fotheidealú as Gaeilge níos oiriúnaí d'fhoghlaimoirí na Gaeilge ná cláir theilifíse as Gaeilge le fotheidealú as Béarla.

Anuas air sin, chabhródh fotheidil Ghaeilge le cainteoirí dúchais agus iad ag éisteacht le canúintí eile le sainréimeanna teanga foirmiúla agus téarmaí nua nó speisialta. Chabhróidís freisin le scileanna scríofa an chainteora dhúchais agus an fhoghlaimora.

Maidir le cláir Ghaeilge ar TG4 agus ar RTÉ, tá an fotheidealú ag freastail ar an dá thrá thuas. I gcás TG4, áfach, cainéal a chraolann méid suntasach clár i nGaeilge, tugtar deis dóibh siúd nach bhfuil líofa sa teanga an t-ábhar Gaeilge a thuiscint agus, do dhaoine gur mian leo leas a bhaint as ábhar TG4, Gaeilge a fhoghlaim nó feabhas a chur ar an líofacht Ghaeilge atá acu. Cé go bhfuil TG4 ag úsáid fotheideal Béarla don chuid is mó chun feabhas a chur ar rochtain ar a chuid clár do dhaoine a bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach nó intleachtúil orthu, ní fios cén tionchar a imríonn an teirbhís seo ar lucht féachana le fadhbanna éisteachta a mhealladh.

Bealach amháin nó bealach eile, is uirlis láidir é an fotheidealú don chraoltóireacht Ghaeilge. Is cinnte go bhfuil dúshláin ann i gcónaí maidir leis an méid fotheidealaithe atá ann idir an dá chraoltóir (TG4 / RTÉ) ach is cinnte gur féidir leas níos mó a bhaint astu chun craoltaí i nGaeilge a chur chun cinn agus chun an teanga go ginearálta a chur chun cinn freisin.

Is ón earnáil neamhspleách a thagann an soláthar fotheideal do TG4 agus is trí thairiscint phoiblí a roghnaíonn TG4 na soláthróirí dá sheirbhís fhotheidealaithe. Níl aon seirbhís ag TG4 féin chun fotheidil a dhéanamh, cé go bhfuil sé ar a chumas fotheidil a cheartú nó a chur in eagar. Mhéadófaí air seo dar ndóigh dá mbeadh an craoltóir le fotheidealú a chur ar fáil ar gach clár agus an rogha a bheith ag an lucht féachana iad a lasadh nó a mhúchadh mar is mian leis / léi. Mar a luaigh TG4 ina chur i láthair don Choiste, d'fhéadfadh buntáiste a bheith ann dá mbeadh rannóg inmheánach ag an stáisiún chun fotheidealú a dhéanamh ar chláir. Chruthódh an rannóg seo postanna nua do chéimithe le Gaeilge a bheadh lonnaithe i gceantair Ghaeltachta. Buntáiste eile a bheadh leis seo ná go mbeadh deis ag an gcráoltóir ionad barr feabhais don fhotheidealú a fhorbairt i gcomhar leis an tríú páirtí. D'fhéadfadh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge nó Fiontar – Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath comhoibriú sa chás seo.

Tá eolas breise ar chleachtais fhotheidealú in Aguisín 5 – Fotheidealú thíos.

MOLTAÍ:-

- Moladh 15: Go ndéanfaí méadú ar fhotheidealú i nGaeilge agus i mBéarla ar RTÉ agus TG4.
- Moladh 16: Go mbeadh rannóg inmheánach ag TG4 chun fotheidealú a dhéanamh ar chláir.
- Moladh 17: Go mbeadh fotheidealú i nGaeilge ar fáil ar chláir Bhéarla, chun freastal ar phobail na Gaeilge.
- Moladh 18: Go dtabharfaí aird ar na canúintí labhartha Gaeilge in aon fhotheidealú.

5. Achoimre ar an bPlé idir an Comhchoiste agus na Finnéithe

Tháinig ionadaithe ón earnáil chraoltóireachta os comhair an Chomhchoiste le linn na tréimhse 2017-2018 agus tá liosta de na cruinnithe seo agus de na finnéithe a bhí i láthair in Aguisín 6 – Cruinnithe an Chomhchoiste agus Finnéithe os a Chomhair thíos.

Maidir leis an gcraoltóireacht seirbhíse poiblí, thug TG4 agus RTÉ cur síos ar na dúshláin a bheidh ann dóibh amach anseo agus réitigh atá ar intinn acu chun aghaidh a thabhairt orthu. Maidir le TG4 agus RTÉ, feictear óna n-aithisc agus ón bplé leis an gComhchoiste, go bhfuil dúshláin nach beag iad ann i gcónaí don chraoltóireacht Ghaeilge sa chúig réimse seo a leanas ach go háirithe:-

- Maoiniú;
- Nascacht leis an bPobal;
- Ábhar Craoltóireachta;
- Fotheidealú;
- An Reachtaíocht agus Tacaíocht Stáit don Chraolacháin Gaeilge.

Anuas orthu seo, tá ról ag comhpháirtíochtaí agus ag an nuatheicneolaíocht freisin.

Leagann TG4 agus RTÉ pleananna straitéise cúig bliana amach agus tugadh eolas don Choiste ar phleananna nua straitéise a bhí á gcur le chéile acu don ÚCÉ / BAI agus a bheidh á bhfoilsíú in 2018.

Is ón rialtas don chuid is mó a fhaigheann TG4 maoiniú agus is ó fháltas an cheadúnais teilifíse agus ó fhógraíocht a maoinítear RTÉ. Thug an dá chraoltóir eolas don Choiste ar na dúshláin airgid a bhí ann dóibh i gcónaí agus an gá atá ann le méadú a dhéanamh ar mhaoiniú a gcuid seirbhísí ar mhaithe le freastal níos fearr ar a lucht éisteachta agus féachana.

Tá an nascacht leis an bpobal fíorthábhachtach do TG4 agus RTÉ, neamhaireach ar lucht labhartha na Gaeilge nó lucht an Bhéarla atá siad ag díriú. Tá an sciar lucht éisteachta / féachana is mó sa tír ag RTÉ ach, i gcás TG4, tá sciar an-íseal i gceist. Ó thaobh croílucht féachana TG4 de, áfach, meastar go bhfuil an sciar seo an-ard. Tá tábhacht níos mó ag baint leis an sciar lucht éisteachta / féachana i gcás RTÉ toisc go bhfuil an craoltóir ag brath ar fhógraíocht chun nach mór leath dá ioncam a chlúdach. Tá ioncam TG4 ón bhfógraíocht thar a bheith íseal de bharr an lucht féachana srianta ar a bhfuil sé dírithe ach tá aidhmeanna láidre ag TG4 ina straitéis cúig bliana chun cur leis an lucht féachana seo, ag glacadh leis gur lucht féachana srianta a bheidh ann i gcónaí.

Tá dualgais sa reachtaíocht ar an dá chraoltóir ábhar craoltóireachta Gaeilge a sholáthar. I gcás RTÉ, ní mór dóibh 'réimse cuimsitheach clár Gaeilge agus Béarla a chur ar fáil', (An tAcht Craolacháin 2009, Alt 114 (3)(a)) agus i gcás TG4 'réimse cuimsitheach clár a sholáthar as Gaeilge go príomha (An tAcht Craolacháin 2009, Alt 118 (3)(a)). Go réalaíoch, is ar TG4 a craoltar mórchuid de chlár Ghaeilge ach tá dualgas reachtúil ar RTÉ 365 uair d'ábhar i nGaeilge a chur ar fáil dó. Tá dualgais ar an dá chraoltóir freisin fotheidealú a bheith ar a gcuid craoladh. Tá na costais theicniúla agus aistriúcháin a mbaineann leo sách íseal agus cuireann an dá sheirbhís fotheidealú forleathan ar fáil do réimse leathan clár:-

- Costais theicniúla agus costais aistriúcháin ag baint le fotheidealú;
- Costais theicniúla chun fotheidil dhúnta a chur ar chlár (cosnaíonn sé idir €900 agus €1,200 in aghaidh na huair);
- Costais aistriúcháin (cosnaíonn sé thart ar €300 fotheidealú i nGaeilge a dhéanamh ar chlár as Béarla a mhaireann 30 nóiméad).

Tháinig beirt taighdeoirí ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus ó Choláiste Mhuire gan Smál Ollscoil Luimnigh os comhair an Chomhchoiste chun cur síos a dhéanamh ar a gcomhthaighde faoi úsáid na Gaeilge ar an raidió, na dúshláin a bhain leis an reachtaíocht féin agus an easpa Gaeilge ar na stáisiúin thráchtála. Is léir ón méad a bhí le rá acu gur neamhaird iomlán a bhí á déanamh ar an teanga sna hearnálacha raidió pobail agus tráchtála. Anuas air sin, bhíodar den tuairim go raibh ag teip ar ÚCÉ / BAI ról níos réamhghníomhaí a bheith aige i gcur chun cinn na Gaeilge sna seirbhísí raidió ar a dhéanann sé rialú orthu.

I gcur i láthair ÚCÉ / BAI féin, tugadh eolas don Choiste ar scéimeanna maoiniúcháin don chraoltóireacht Ghaeilge, monatóireacht ar líon na n-uaireanta craolta i nGaeilge, tiomantas don teanga ar sheirbhísí faoi cheadúnas ÚCÉ / BAI, mar aon le heolas breise ón rialtóir ar bhealaí chun feabhas a chur ar an gcraoltóireacht Ghaeilge ar na haerthonnta.

Tháinig Raidió Rí-Rá, Raidió na Life, Raidió Fáilte, agus Raidió na dTreabh os comhair an Chomhchoiste freisin.

Tá achoimre ar an méad a bhí le rá ag na finnétithe ar fad leagtha amach in alt 5.1 thíos.

5.1 TG4 – Teilifís na Gaeilge

5.1.1 Maoiniú agus Caiteachas

Tá mórchuid airgeadais TG4 ag teacht ón Stát agus céatadán thar a bheith íseal ag teacht ón bhfógraíocht. Ní raibh mórán athraithe ar an scéal seo in 2017 agus thug TG4 le fios ina chur i láthair don Choiste go raibh maoiniú de €32,790,000 faighte ag an gcomhlacht ón rialtas in 2017 agus ioncam breise, nárbh mór é, ó dhíolacháin chlár, fhógraíochta agus urraíochta. Meabhraíodh don Choiste go n-aithnítear TG4 mar chainéal teilifíse thar a bheith éifeachtach maidir le riarachán airgeadais, a chinntíonn go bhfuil ag éirí le sceideal an chainéil rogha féachana, malairt léargais agus ardán do thallann nua a chur ar fáil. Anuas ar an 365 uair an chloig sa bhliain a sholáthraíonn RTÉ don stáisiún, déanann TG4 féin infheistíocht de os cionn €20,000,000 sa bhliain i gcláir nua Ghaeilge ón earnáil neamhspleách léiriúcháin in Éirinn.

Thug TG4 le fios go raibh €6,000,000 níos lú ag an gcraoltóir ná mar a bhíodh de thoradh an chruacháis airgeadais. Chuir an caillteanas seo brú mór ar an tseirbhís agus bhí air díriú isteach, nach mór ina iomláine, ar chostais agus sábháil airgid agus bhí líon an lucht féachana thíos leis dá bharr. Creideann TG4, áfach, go bhfuil an deis ann anois tosú as an nua. Mhol an craoltóir go ndéanfaí an laghdú de €6,000,000 thar na blianta a athbhronnadh ar an stáisiún agus go bhféachfaí ar seo mar athbhunú den mhaoiniú a gearradh. Bheadh infheistiú á dhéanamh leis an airgead san earnáil chun cur le fás agus borradh ar an eacnamaíocht chruthaitheach.

Cuireadh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 i gcuimhne don Choiste agus an ról lárnach a thugtar do TG4 sa phlean seo i gcaomhnú na teanga. Tá gá le dóthain mhaoinithe do TG4 lena théarmaí tagartha reachtúla a chomhlíonadh agus a sciar den mhargadh a choinneáil mar chomhlacht reachtúil neamhspleách i margadh atá ag éirí níos iomaíche i gcónaí. Tá sé luaite sa Straitéis chomh maith go gcinnteoidh an rialtas go gcuirfeadh leis an tacaíocht atá ann don chainéal seirbhísí Gaeilge craoltóireachta a chur ar fáil do mhuintir an Stáit.

Rinne ionadaithe ó TG4 tagairt freisin do na tuarascálacha is déanaí ó ÚCÉ / BAI ar fheidhmíocht an chraoltóra agus a ról sa mhargadh craoltóireachta reatha. Luadh pointe tábhachtach a d'eascair ó thuarascáil ÚCÉ / BAI a bhain le maoiniú an stáisiúin agus an gá a bhí le hinfheistíocht bhreise a dhéanamh i TG4 chun deireadh a chuir leis an titim i sciar lucht féachana an chainéil le roinnt blianta anuas. In 2005 bhí sciar 3.2% den daonra iomlán ag breathnú ar TG4 agus thit an céatadán seo go 1.8% taobh istigh de thart ar dheich mbliana (tháinig ardú air seo i 2017). D'éirigh leis an stáisiún, áfach, méadú a bhaint amach don chéad uair ó bhí 2005 ann mar gheall ar infheistíocht bhreise de €1,000,000 a tháinig ón rialtas i gcomhair 2016. Mar sin, is mar thoradh ar dhianshaothrú sócmhainní an stáisiúin chun athruithe a dhéanamh ar an sceideal a éiríonn le TG4 lucht féachana níos mó a mhealladh.

Thug an stáisiún le fios, áfach, nárbh fhéidir leanúint leis an mbeart straitéise áirithe seo a scríofadh sócmhainní iomlána an stáisiúin de réir a chéile.

Tugadh le fios freisin go raibh an stáisiún go mór den tuairim nach raibh an dara rogha ann ach an cás a dhéanamh d'infheistíocht bhreise chun sprioclucht féachana a bhaint amach don chainéal.

5.1.2 Nascacht leis an bPobal / Lucht Féachana

Le nach mór scór de bhlianta anuas, tá aimsiú forleathan i gcroíphobal Gaeilge bainte amach ag TG4 agus aitheantas don leas agus don tairbhe a dhéanann an stáisiún teilifíse d'fhás agus do normalú na Gaeilge. Dar leis an bPríomhstiúrthóir, cothaíonn an múnla eagrais (foilsitheoir / craoltóir) fostaíocht ardsbile chruthaitheach san earnáil léiriúcháin sna réigiúin agus tá taithí fhada fhairsing ag an stáisiún ar pháirtíocht agus ar chaidreamh láidir a chothú leis an earnáil neamhspleách léiriúcháin.

Don chéad uair ó bhí 2009 ann, tháinig méadú ar sciar náisiúnta lucht féachana TG4 in 2016. Tá an cainéal an-láidir leis an gcroílucht féachana, mar shampla, na cainteoirí laethúla Gaeilge, le 92% don ghrúpa sin ag breathnú air gach seachtain.

Maidir le nascacht TG4 leis an bpobal agus a lucht féachana i gcoitinne a mheas, tá painéal curtha ar bun idir TG4 agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus RTÉ ar a dtugtar 'Fios Físe'. Tugann an painéal seo sonraí don stáisiún ar na tuairimí atá ag daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá nó gach seachtain. Bíonn sonraí ar fáil ón bpainéal freisin maidir le líon an luchta fhéachana agus a gcuid tuairimí ar na gnéithe sin de chraoltóireacht an stáisiúin ar a leagan siad an luach is mó.

Dar le TG4, tá ar a laghad cúig aoisghrúpa dhifriúla ann ó thaobh lucht féachana de. Maidir leis an aoisghrúpa atá os cionn 55 bliana d'aois, is ar éigean go bhfuil an patrún féachana athraithe le cúig bliana anuas. Tá teilifís bheo fós an-tábhachtach do dhaoine idir 12 agus 17 bliana d'aois ach is i 'short form videos' a léirítear spéis don chuid is mó. Dúirt an stáisiún gur cosúil anois nach bhféachann daoine faoi 35 bliana d'aois ar theilifís líneach (sa ghnáth bhealach) agus nach mór teacht ar bhealaí chun freastal orthu seo tríd an nuatheicneolaíocht go fíor luath nó tá baol ann go gcaillfear iad.

Maidir le haimsiú náisiúnta seachtainiúil, bíonn beagnach leath den tír uilig ag breathnú ar TG4 ag am éigin i gcaitheamh na seachtaine agus tá an cainéal sa seachtú háit i measc na gcainéal is mó féachana. Is de thoradh na hidirghníomhaíochta idir an cainéal agus na meáin shóisialta a tháinig méadú suntasach le roinnt blianta anuas ar líon na ndaoine ag breathnú ar sheinnteoir TG4 ar an idirlíon.

In ainneoin an mhéid atá bainte amach ag TG4 go dtí seo agus an tacaíocht Stáit atá geallta dó, tugadh le fios don Choiste go raibh dúshlán ann i gcónaí nárbh beag iad. Cé go ndúirt TG4 cé go mbíonn an iomarca béime i gcónaí ar 'uaireanta an chloig aschuir' seachas ar 'chaighdeán ábhair chraoltóireachta', tá aimsiú agus sciar den lucht féachana náisiúnta teilifíse atá ag an gcainéal fós an-íseal. San aitheasc a tugadh don Choiste, luaigh Alan Esslemont, Ardstiúrthóir TG4, go raibh bearnaí ann i gcónaí sa soláthar i réimsí áirithe clár – mar shampla, sa réimse óige agus siamsaíochta – agus go gcuireann an éiginnteacht faoi mhaoiniú srian ar phleanáil agus ar fhorbairt an stáisiúin. Tá an craoltóir go láidir den tuairim go bhfuil gá le páirtíocht níos minicí le dreamanna eile chun an t-aimsiú a mhéadú, costais a laghdú agus chun luach airgid níos fearr a fháil.

Dúshlán eile a bhaineann le nasc an chraoltóra leis an bpobal ná na rochtana ar ábhar craolacháin an stáisiúin sa Tuaisceart. Bíonn deacrachtaí ann teacht ar chlár TG4 i dTuaisceart Éireann ar ardáin áirithe cé go bhfuil cearta craolacháin sna 32 Contae ag an gcainéal d'aon chlár a chraolann sé. Bíonn fadhb ag an mbreathnóir nuair a fheiceann sé / sí fógra ag cur in iúl nach bhfuil an seoladh IP cláraithe sa Bhreatain.

Chun dul i ngleic leis na dúshlán thuasluaite, tugadh mion-chur síos ar pholasaí débheannach an stáisiúin chun freastail a dhéanamh ar dhá lucht féachana ar leith. Míníodh don Choiste go raibh ról ar leith ag an stáisiún sa chaoi is gur 'craoltóir-foilsitheoir' é le hábhar craoltóireachta ar leith dírithe ar lucht labhartha na Gaeilge agus ábhar craoltóireachta eile dóibh siúd ar fud na tíre nach bhfuil cumas láidir acu sa teanga. Ní hionann a ról mar sin agus ról na gcráoltóirí seirbhíse poiblí eile sa Stát.

5.1.3 Ábhar Craoltóireachta

Maidir le seánraí clár, is iad an nuacht, drámaíocht agus siamsaíocht na seánraí is mó féachana ag croílucht féachana TG4. Maidir leis an lucht féachana níos leithne nach mbaineann leis an ngrúpa seo, mealltar iad ar leibhéal náisiúnta chuig seánraí eile ar an stáisiún nach bhfuil teacht éasca orthu ar na cainéil eile atá ar fáil sa tír. Chuir RTÉ ábhar craoltóireachta na seirbhíse in oiriúint don dá ghrúpa féachana agus an sceideal á chur le chéile. An sampla a thug TG4 anseo ná cluiche ceannais na hÉireann de Pheil na mBan nach raibh ag fáil cothrom na féinne ó na craoltóirí nó meáin eile. D'aimsigh TG4 an bhearna sa mhargadh agus mhéadaigh an lucht féachana go mór don chraoladh seo thar na blianta.

Tá cuid mhaith ábhair i sceideal teilifíse an chainéil do leanaí agus daoine óga mar aon le seinnteoir faoi leith do pháistí, seinnteoir 'Cúla 4'. Tugann sé seo an deis don bhreathnóir féachaint ar chlár do leanaí bunscoile agus réamhscoile am ar bith sa lá.

Maidir le clár dírithe ar an aoisghrúpa idir 15 agus na luath 20í, thug TG4 le fios don Choiste go raibh siad i mbun ardán nua mheán sóisialta a chruthú don lucht féachana sin faoi láthair. Is ardán é seo ina chuirtear ábhar craolta TG4 féin ar fáil le spás le haghaidh ábhair úsáideoirghinte freisin.

5.1.4 Fotheidealú

Thug TG4 cur síos ar an tseirbhís chuimsitheach fhotheidealú atá ar fáil ar ghnáthchraoltaí líneacha, mar shampla, ar an teilifís, agus luadh gurb ionann agus os cionn 400 uair a chloig teilifíse nua gach bliain. Freastalaítear ar lucht féachana éagsúla agus fotheidealú á chur i bhfeidhm. Maidir leo siúd ar bheagán Gaeilge, craoltar fotheidil Bhéarla ar scáileán le linn nach mór gach clár coimisiúnaithe a chinntíonn go bhfuil clár TG4 ar fáil don phobal féachana is leithne, idir iad siúd atá ar bheagán Gaeilge agus lucht foghlama na teanga. Thug TG4 faoi fhotheidil bheo a chraoladh freisin ar roinnt craoltaí spóirt le cúpla bliain anuas.

I measc an ghnáthluchta fhéachana thuas, tá foghlaimeoirí ann chomh maith le Gaeilgeoirí líofa agus is gá freastal ar an dá thrá. Maidir leis an bhfoghlaimeoir, craoltar fotheidil Ghaeilge roghnaíocha ar sholáthar gasúr le linn sceidil Cúla4, seirbhís chlár do dhaoine óga a thacaíonn le tuismitheoirí an chaint a leanúint. Craoltar freisin fotheidil Ghaeilge roghnaíocha ar roinnt clár le linn an sceidil fhásta.

I gcoitinne, is é an lucht féachana líneach (gnáthbhreathnóirí teilifíse) an lucht féachana is mó ach tá seo ag athrú go fíorthapaigh agus tá na meáin shóisialta ag glacadh greama láidir ar an lucht féachana seo. Tá TG4 ag soláthar seirbhísí fotheidealaithe srianta go leor don lucht féachana nua seo. Baintear úsáid bhreise as an nuatheicneolaíocht seo chun freastal orthu siúd le Gaeilge líofa. Tugtar rogha d'úsáideoir an tseinnteora agus na haipe na fotheidil Bhéarla a mhúchadh nó na fotheidil Ghaeilge a roghnú ina n-áit, más ann dóibh. Le déanaí, thosaigh TG4 ag craoladh 'Ros na Rún' den chéad uair riamh le fotheidil roghnaíocha. Ar an gcraoladh Dé Máirt agus Déardaoin ag 8.30 iarnóin níl aon fhotheidil ar scáileán, ach is féidir fotheidil Bhéarla a fháil más áil, ach 'SUBTITLES ON' a roghnú. Craoltar an t-ollchlár ar an Domhnach leis na fotheidil Béarla ar scáileán.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, tá dualgas reachtúil ar TG4 freastal ar dhaoine atá bodhar. Bíonn fotheidil do na bodhair ar fáil ar ábhar ceannacháin i sceideal TG4 (mar shampla ar scannáin agus ar shraitheanna ceannaithe). Thug an craoltóir le fios don Choiste, áfach, go gcaithfear seirbhís phoiblí a sholáthar don iliomad aicme sa phobal atá i dteideal seirbhís a fháil. Leis an stáisiún beo ar bheagán acmhainní, ní féidir freastal ar gach duine mar is gá. Tá TG4 go mór den tuairim dá mbeadh tuilleadh acmhainní ann dó, go mbeadh sé ar a chumas tuilleadh fotheideal a sholáthar sa dá theanga, i nGaeilge ach go háirithe.

Tugadh léargas freisin ar na dúshláin a bhaineann le seirbhís fhotheidealaithe a chur ar fáil do dhá dhream éagsúla. Ní hionann riachtanais lucht féachana le Gaeilge agus iad siúd ar bheagán Gaeilge atá ag lorg bealach isteach sa teanga trí sheirbhísí TG4. Anuas air sin, tá ardchostas i gceist le fotheidil a chruthú as an nua don bhunábhar Gaeilge ós rud é gur soláthar as an nua ar fad atá i gceist. Tá constaicí teicniúla ann freisin a bhaineann le tarchur in Éirinn i ndá theanga ós rud é nach bhfuil na hardáin chraolta ar fad in ann freastal ar fhotheidil roghnaíocha.

Déanann TG4 féin infheistiú bliantúil de 1% dá bhuiséad ar sheirbhís fhotheidealaithe agus cuirtear tairiscint amach gach trí nó ceithre bliana chun an deis a thabhairt do chuideachtaí an tseirbhís seo a fhorbairt agus a sholáthar. Dar leis an stáisiún, tá ceithre chuideachta neamhspleácha ann faoi láthair ag soláthar fotheideal don stáisiún. Tá na cuideachtaí sin lonnaithe i nGaillimh, i nGaoth Dobhair agus i mBaile Átha Cliath. Soláthraíonn na cuideachtaí seo na fotheidil Ghaeilge agus Bhéarla d'aon chlár a chruthaíonn TG4 féin. I gcás chlár Béarla ceannaithe, is féidir na fotheidil dóibh seo (atá réamhdhéanta) a cheannach ar phraghas réasúnta íseal ar an margadh. Is i mBéarla atá na fotheidil seo don chuid is mó áfach, agus chosnódh sé i bhfad níos mó fotheidil Gaeilge a tháirgeadh as an nua.

5.1.5 Comhpháirtíocht

Cabhraíonn comhpháirtíocht go mór le TG4 a bhranda agus a acmhainní a chur in úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil. Is é RTÉ an comhpháirtí is mó atá ag TG4. Luadh go mbíonn plé láidir ag an stáisiún leis an Stiúrthóir Ginearálta agus an Grúpcheannasaí Gaeilge maidir leis an gcaoi gur féidir le TG4 an leas is fearr a bhaint as ardáin RTÉ chun an ábhar craolacháin Gaeilge a chur ar aghaidh go dtí an leibhéal náisiúnta. Tá comhpháirtíocht mhaith ann freisin idir TG4, BBC, ÚCÉ / BAI, Cumann Pheil na mBan, an Cumann Lúthchleas Gael féin agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann.

Dar leis an gcráoltóir, is féidir cur le sciar ábhar léirithe TG4 trí dhul i mbun comhpháirtíochta le RTÉ agus an straitéis atá acu an Ghaeilge a chur ar fáil ar RTÉ1 agus ar a sheinnteoir. Bealach praiticiúil amháin a bheadh anseo ná a bheith ag obair as lámh a chéile ar straitéis ina mbeidh spásanna brandála ag TG4 ar RTÉ1.

Ó bunaíodh TG4, tá comhpháirtíocht láidir ann eatarthu agus RTÉ agus, mar thoradh air sin, faigheann TG4 365 uair craolacháin Gaeilge ó RTÉ gach bliain. Tagann TG4 agus RTÉ le chéile uair sa bhliain chun an t-ábhar uair an chloig laethúil sin a phlé agus, go dtí seo, is leathuair an chloig nuachta agus leathuair de mhíreanna eile a bhaineann le siamsaíocht agus cartúin atá sa chraoladh uaire seo.

5.1.6 An Earnáil Neamhspleách

Tá dlúthchaidreamh ann idir TG4 agus an earnáil léiriúcháin neamhspleách agus is ar an earnáil seo atá an stáisiún ag brath don chuid is mó chun a ábhar craoltóireachta a chur ar fáil i ngach seánra dá sceideal. Tá na comhlachtaí neamhspleácha scaipthe amach sna ceantair éagsúla thart ar Ghailimh agus Phort Láirge agus, dar le TG4, is iad sin na 'cnuasaigh (clusters)' is tábhachtaí taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Gan infheistíocht ó TG4, is ar éigean go mbeadh aon tionscadal teilifíse acu taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tá teacht ar thaifead ar an bplé thuas ag an nasc seo:-

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_n_a_gaeltachta_agus_na_noilean/2017-09-26/2/

5.2 RTÉ – Raidió Teilifís Éireann

5.2.1 Maoiniú agus Caiteachas

Is é Plean Meáin Ghaeilge RTÉ príomhstraitéis an chraoltóra maidir le cur chun cinn chraoltóireacht na Gaeilge ar an raidió, teilifís agus ar líne. Thug RTÉ le fios ina chur i láthair don Choiste go raibh ag éirí leis an bplean Gaeilge agus gur baineadh go leor tograí amach tríd a bheith ag úsáid acmhainní a bhí ag an stáisiún cheana féin agus trí thabhairt faoi chomhpháirtíochtaí. Creideann an stáisiún go láidir go bhfuil tionchar suntasach aige ar an nGaeilge, ar normalú na teanga i sochaí na hÉireann agus ar thodhchaí na teanga mar theanga bheo ó seoladh an plean teanga in 2015. Tá acmhainní airgeadais curtha in úsáid chun é seo a bhaint amach, dar le RTÉ, le hacmhainní breise d'fhéadfaí tionchar níos mó fós a bheith ag an gcraoltóir ar an teanga.

É sin ráite, bhí dualgas reachtúil ar RTÉ €39,700,000 a chaitheamh ar choimisiúin neamhspleácha in 2017. Caitheadh €38,500,000 milliún ar chlár theilifíse agus nach mór €1,200,000 ar chlár raidió. Maidir le clár Ghaeilge, caitheadh 4% den mhóriomlán thuas ar chlár theilifíse agus 6% ar chlár raidió. B'ionann sin agus iomlán de 107 uair de chlár Ghaeilge, 70 uair theilifíse agus 37 uair raidió. Anuas ar sin, soláthraíodh clár raidió i bhfoirm coimisiúnaithe neamhspleácha ó scéim mhaoiniúcháin ÚCÉ / BAI; in 2017 b'ionann sin agus 16 clár le luach de nach mór €22,000.

Anuas air seo ar fad tá, ar ndóigh, dúshláin shuntasacha ag an stáisiún mar eagraíocht mheáin seirbhíse poiblí a bhaineann le maoiniú agus le bunchloch airgeadais a chinntiú don todhchaí.

5.2.2 Nasc leis an bPobal / An Lucht Féachana

Is é RTÉ Raidió na Gaeltachta príomhsheirbhís raidió Ghaeilge RTÉ. Meabhraíodh don Choiste gur ceann de na dúshláin is mó a bhí ag RTÉ Raidió na Gaeltachta ná nach raibh aon taighde nó eolas a thabharfadh léargas soiléir ar lucht éisteachta an stáisiúin ná mianta na n-éisteoirí sin. Ní mheastar go bhfuil an tseirbhís taighde, Comhthaighde Náisiúnta maidir le Lucht Éisteachta / Joint National Listenership Research (CNLÉ / JNLR) (<http://info.ipsosmrbi.com/jnlr>), oiriúnach chun lucht éisteachta raidió sainspéise mar RTÉ Raidió na Gaeltachta a thomhais. Don chéad uair i stair na seirbhíse, cuireadh tús le suirbhé éisteachta leanúnach, dírithe go sonrath ar sprioc lucht éisteachta na seirbhíse.

Cuireadh an suirbhé ar bun i bpáirt le TG4 agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann Gaillimh ar a dtugtar 'Fios Físe' agus lorgaíonn an taighde seo dearcadh phobal labhartha na Gaeilge ar fud an oileáin i leith TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta. Beifear in ann an t-aiseolas a thiocfaidh ar ais a úsáid le fáil amach cé atá ag éisteacht, an áit a bhfuil siad lonnaithe agus céard a thaitníonn nó nach dtaitníonn leo.

Go dtí le fíorghairid, is ar éigean a bhí taighde ann ar lucht féachana le Gaeilge ar sheirbhísí teilifíse RTÉ trí mheán na Gaeilge. Le 'Fios Físe', beidh teacht ar shonraí a bhaineann le riachtanais lucht éisteachta agus lucht féachana Gaeilge do sheirbhísí craolta agus seirbhísí ar líne, ag freastal go sonrach freisin ar riachtanais shonraí éisteachta RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Maidir le naisc a chothú leis an bpobal ar na meáin shóisialta, díríonn RTÉ ar an bpríomhchuntais ar líne atá aige agus ar an mbeagnach leathmhíliún leantóir, beag beann ar a rogha teanga. Measctar na tvúiteanna i mBéarla le tvúiteanna i nGaeilge ionas go mbeidh sé ina rud nádúrtha teacht ar tvúit i nGaeilge ar amlíne Twitter de cuid RTÉ. Is amhlaidh atá freisin do chuntais mheán sóisialta eile agus, dar le RTÉ, tá an t-aiseolas atá faighte go dtí seo thar a bheith dearfach.

Idir an dá linn, is é an dúshlán roimh RTÉ Raidió na Gaeltachta sna blianta atá le teacht i dtaobh an sceidil seo de ná an lucht éisteachta dílis atá aige a choinneáil agus éisteoirí nua a mhealladh. Tá sé tábhachtach dóibh go bhfeicfidh an pobal uilig go bhfuil seirbhís thairbheach ar fáil dóibh i nGaeilge, go bhfuil rogha acu agus gurb fhiú dóibh a bheith ag éisteacht leis an stáisiún.

Tugadh le fios don Choiste gur chuir RTÉ lena idirghníomhaíocht le pobal labhartha na Gaeilge agus le heagrais Ghaeilge. Bíonn na dúshláin ann i gcónaí, áfach, lucht éisteachta agus lucht féachana Gaeilge a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais éagsúla na ngrúpaí sin ionas gur féidir freastal orthu ar an mbealach is fearr. Tá RTÉ ag obair ar leagan nua Gaeilge den RTÉ Player chomh maith le lárionad a chruthú ar an Player d'ábhar Gaeilge, agus leagan eile de Saorview a bheidh go hiomlán trí Ghaeilge.

Cuireadh tuilleadh béime ar dhaoine óga nuair a d'fhorbair RTÉ cúrsa i nGaeilge sna meáin a bhí dírithe ar dhaltaí idirbhliana ar fud na tíre agus a bhí lonnaithe i nGaeltacht Chonamara. Eagraíodh an cúrsa seo i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh. Chomh maith leis sin, luaigh RTÉ go raibh an tseirbhís raidió, RTÉ2 FM, ina cuid lárnach den idirghníomhaíocht leis an bpobal níos óige agus cláir agus brandáil dhátheangach ina gcuid de chur chuige nua na seirbhíse.

I measc na ngníomhartha eile a chuaigh i bhfeidhm go dearfach ar an bpobal ó seoladh an plean don chraoltóireacht Ghaeilge tá: úsáid an leagain Ghaeilge de logainmneacha Gaeltachta ar fheasacháin nuachta; feasacháin nuachta Ghaeilge ar Radio1 á gcraoladh ar bhuille na huair seachas ag amanna eile ar an gclog; suíomh idirlín faoi leith cruthaithe don Ghaeilge; agus táirgí nua digiteacha ar nós An Seinnteoir Raidió agus aipeanna agus suíomhanna idirlín Gaeilge Saorview.

5.2.3 Ábhar Craoltóireachta

Creideann an craoltóir gur chóir don Ghaeilge a bheith fite fuaite go nádúrtha i ngach rud a dhéanann sé, agus teachtaireacht láidir a bheith ann gur gnáthrud é in Éirinn an Ghaeilge a chloisteáil ar na tonnta náisiúnta seachas ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4 amháin. I measc na ngníomhartha is mó a fuair aird an phobail go dtí seo, bhí an rogha tráchtairachta ann sa dá theanga ar chluichí Chumann Lúthchleas Gael, CLG, agus cluichí sacair chraobhacha na hEorpa, an méadú atá ann in úsáid na Gaeilge i bhfógraí leanúnachais ar RTÉ1 agus RTÉ2, agus an úsáid rialta a baintear as an nGaeilge ar chuntais mheán sóisialta RTÉ.

Thug RTÉ le fios gur cuireadh leis an méid Gaeilge a bhíonn ar sheirbhísí trí mheascán de chlár ón earnáil neamhspleách a úsáid chomh maith le hábhar atá cruthaithe ag an rannóg inmheánach teilifíse Gaeilge. Rinneadh méadú de 25% ar an méid Gaeilge a craoladh idir 2016 agus 2017 agus mealltar lucht féachana de bhreis agus 200,000 duine ar bhonn rialta agus le cois 300,000 duine ó am go chéile.

Sa chéad bhliain den phlean gníomhaíochta, chraol RTÉ os cionn 118 uair an chloig de theilifís Ghaeilge ar RTÉ1 agus RTÉ2; tugadh faoi bheagnach 1,000 fógra leanúnachais as Gaeilge; craoladh 140 uair an chloig de theilifís do leanaí i nGaeilge ar RTÉjr; agus seoladh amach os cionn 10,000 tvuít i nGaeilge ar chuntais shóisialta éagsúla. Creideann RTÉ go láidir gur cuid lárnach dá phlean Gaeilge é an cur chuige digiteach agus tá an stáisiún ag obair go dlúth le Roinn na Gaeltachta chun go mbeidh gnéithe den phlean ag teacht le spriocanna digiteacha na Straitéise 20 Bliain an don Ghaeilge 2010-2030.

In ionad seirbhísí Gaeilge ar líne a chruthú a bheadh scoite amach óna gcuid táirgí digiteacha eile, tá RTÉ ag baint triail as cur chuige nua - an Ghaeilge a chur i lár an aonaigh. Sampla amháin de seo ná seirbhís nuachta Ghaeilge ar líne a sheoladh agus é a chur in airde mar mhórsheirbhís nuachta na hÉireann ar líne 'News Now' seachas suíomh nó aip ar leith a fhorbairt di. Nuair a íoslódáiltear an aip, 'News Now', tá an rannán Nuacht sa séú háit in ord na rannán éagsúla agus is féidir na rannáin a athrú de réir mianta an úsáideora agus, mar shampla, an rannán Nuacht a bhogadh in aon ord tosaíochta.

Infheistíonn RTÉ níos mó ná €20,000,000 in aghaidh na bliana i seirbhísí agus in ábhar clár Gaeilge ina bhfuil croisheirbhísí Gaeilge ar nós RTÉ Raidió na Gaeltachta, Nuacht, Clár Ghaeilge agus RTÉ.ie/gaeilge le fáil, chomh maith le seirbhísí a chinntíonn go bhfuil an Ghaeilge fite fuaite trína gcuid seirbhísí éagsúla.

5.2.4 Fotheidealú

Maidir le fotheidil, thug RTÉ le fios go bhfuil buanfhotheidil Bhéarla ar chlár Ghaeilge luachmhar don chraoltóir ó thaobh an lucht féachana is mó gur féidir a mhealladh do chlár Ghaeilge ar RTÉ. Aithníonn RTÉ go mbeadh luach ann don fhoghlaimeoir dá mbeadh rogha ann fotheidil Ghaeilge ar chlár Ghaeilge a roghnú ach, dar leo, luach teoranta a bheadh ann i bhfianaise an chostais.

Bíonn deacrachtaí i gceist le fotheidil bheo a chur ar fáil, mar shampla, nuair a craoltar imeachtaí Stáit beo ar an teilifís. Cuireann comhlacht ón mBreatain an tseirbhís seo ar fáil agus, nuair a labhraítear Gaeilge le linn an chlár, luaitear ‘Speaking in Irish’ ar an scáileán.

5.2.5 Comhpháirtíocht

Luaitear san Acht Craolacháin 2009 go dtabharfaidh RTÉ ábhar clár d’uair a chloig i nGaeilge do TG4 ar bhonn laethúil. Tá an craoltóir ag féachaint ar bhealaí inar féidir cur le feiceálacht TG4 ar a gcuid ardán craolta agus ar líne. Breathnaíonn RTÉ air seo mar dheis shuntasach chun tuilleadh cur chun cinn a dhéanamh ar an nGaeilge tríd a bheith ag obair níos dlúithe lena chéile. Thug RTÉ le fios ina chur i láthair don Choiste go bhfáilteodh sé roimh an deis filladh ar Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán i gcomhar le TG4 nuair atá an comhoibriú feabhsaithe seo forbartha agus aontaithe ina iomláine.

Anuas ar an méid a bhí le rá ag RTÉ maidir lena bheith ag gníomhú i gcomhar le páirtithe leasmhara seachtracha eile, tugadh le fios go raibh sé ag obair go dlúth le heagrais Ghaeilge agus le hinstiúidí oideachais. Mar shampla, tá comhoibriú ar bun le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, maidir le hIonad Barr Feabhais i dtraenáil na meán a fhorbairt ar mhaithe le todhchaí an tionscail trí Ghaeilge a chinntiú. Dar leis an gcraoltóir, is dúshlán é do chraoltóireacht na Gaeilge daoine cumasacha a bhfuil tuiscint sna meáin agus líofacht sa teanga acu.

Luadh freisin togra atá ar bun idir RTÉ agus Ollscoil Uladh maidir le táirge digiteach a chruthú, ag úsáid an ábhair atá ag an stáisiún cheana chun Gaeilge líofa a chur ar chluasa éisteach raidió nach bhfuil líofa.

5.2.6 Eile

Léirítear go bhfuil RTÉ ag díriú ar Phlean Mheáin na Gaeilge agus a straitéis don teanga sa chraoltóireacht a chur i bhfeidhm. Sa chur i láthair a thug an Grúpcheannasaí Gaeilge don Choiste, thug sé le fios nach raibh polasaí Gaeilge ag RTÉ sular seoladh an plean nua. Leis an bpolasaí comhtháite atá ann anois agus plean ann chun an polasaí sin a chur i bhfeidhm, tá cur chuige nua i leith na Gaeilge ag RTÉ. Féachtar ar an obair a dhéanann an stáisiún trí Ghaeilge a leathnú amach ar rannóga gnó ar leith, seachas í a fhágáil mar chúram orthu siúd atá fostaithe i seirbhísí Gaeilge RTÉ amháin.

De réir RTÉ, tá an Ghaeilge ar cheann de na tréithe sainiúla a bhaineann leis an gcraoltóir agus ar cheann de na gnéithe a idirdhealaíonn RTÉ ó na seirbhísí lena bhfuil sí in iomaíocht leo i dtaobh lucht féachana agus éisteachta de. Tá an iomaíocht seo le haireachtáil, ní hamháin i measc seirbhísí tráchtála raidió agus teilifíse in Éirinn féin, ach i measc na scórtha branda ilnáisiúnta.

5.2.7 Raidió na Gaeltachta

San aitheasc tosaigh a thug ionadaithe ó RTÉ Raidió na Gaeltachta don Choiste, luadh gurb é an dúshlán is mó roimh an stáisiún inniu ná freastal ar chuile dhuine le Gaeilge beag beann ar áit chónaithe, aoisghrúpa agus suimeanna. Caithfear an lucht éisteachta dílis a choinneáil agus iarrachtaí a dhéanamh lucht éisteacha nua a mhealladh agus creidtear go mbainfí é seo amach tríd athruithe beaga ar an gclár de réir a chéile.

Tá deiseanna ag an stáisiún forbairt a dhéanamh ar réimsí éagsúla, mar shampla, foireann chumasach agus fhuinniúil a fhorbairt chomh maith le tallann nua, branda agus íomhá na seirbhíse. Tá deiseanna ann chomh a bhaineann leis an méid a dhéanann an stáisiún ar líne, ar na meáin shóisialta, réimsí eile clár, cur le maoiniú agus tacú leis an earnáil léirithe neamhspleách. Díritear ar RTÉ Raidió na Gaeltachta a chur chun cinn agus a chosaint mar ‘thearmann’ don Ghaeilge san fhorbairt seo.

Tá teacht ar thaifead ar an bplé thuas ag an nasc seo:-

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2017-07-11/3/

5.3 Údarás Craolacháin na hÉireann

Thug ÚCÉ / BAI le fios don Choiste go raibh ‘cur chun cinn cláir Ghaeilge ar ardchaighdeán a chothú agus a chur chun cinn’ ina chuspóir straitéiseach acu agus go dtugann an tÚdarás faoi raon tionscnamh ina phleananna oibre chun é seo a bhaint amach. Áirítear scéimeanna maoinithe craolacháin, deiseanna comhpháirtíochta, imeachtaí foghlaim agus forbairt roinne, tionscnaimh urraíochta, agus forbairt ar straitéis sheirbhísí craolacháin athbhreithnithe a threoraíonn beartais cheadúnaithe i measc na dtionscnamh sin.

Maidir le maoiniú ÚCÉ / BAI don earnáil raidió agus teilifíse, meastar gurb é an scéim ‘Sound & Vision’ an scéim is suntasaí. Is scéim é seo do chlár nua Ghaeilge raidió agus teilifíse agus thug na hionadaithe ó ÚCÉ / BAI le fios gur deonaíodh nach mór €2,800,000 (thar thréimhse bliana) do chlár Ghaeilge raidió agus teilifíse san earnáil chraoltóireachta ina iomláine agus thart ar €2,600,000 den iomlán seo ar chlár do TG4 agus RTÉ amháin. Cláir Ghaeilge agus dhátheangacha a bhí iontu siúd agus deonaíodh €1,360,000 milliún (52%) do chlár lánGhaeilge amháin (tá briseadh síos ar na cláir seo agus luach an deontais a bronnadh leagtha amach in Aguisín 3 – Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland: A Dhualgais maidir le Craolachán Gaeilge thíos).

Chuala an Comhchoiste go raibh ÚCÉ / BAI ag súil go leanfar leis an scéim ó 2019 ar aghaidh nuair a thiocfaidh deireadh leis an scéim reatha. D'aontaigh ÚCÉ / BAI leis an gComhchoiste gur deis a bheadh anseo don Chomhchoiste agus don phobal i gcoitinne tuairimí agus moltaí a chur ar fáil maidir le haon scéim nua a scrúdaíonn líon na gclársceideal Gaeilge agus dátheangacha ar sheirbhísí raidió agus chun a fhiosrú an bhféadfaí cur leis an líon seo in aon scéim nua.

Labhair ÚCÉ / BAI freisin faoi scéim mhaoinithe eile atá tábhachtach don chraolacháin Ghaeilge, 'an Scéim Mhaoinithe do Chartlannú', atá dírithe ar ábhar cláraithe, idir theilifís agus raidió. Maoiniú airgeadais atá sa scéim seo chun tacú le cultúr cartlannaithe a fhorbairt san earnáil chraolacháin agus chun cabhrú le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Maidir le maoiniú eile faoi stiúir ÚCÉ / BAI, luadh freisin seirbhís nuachta Ghaeilge ar líne, ceardlann do léiritheoirí scáileáin réigiúnacha le béim ar leith ar oibriú trí Ghaeilge, cúrsaí Gaeilge do Stiúrthóirí, agus oiliúint i dtionscal na meán in Iarthar na hÉireann lena n-áirítear scannán, teilifís, prionta, raidió agus digiteach ar líne.

Dúshlán mór a chonacthas do ÚCÉ / BAI ná an reachtaíocht chraolacháin mar atá leagtha amach san Acht Craolacháin 2009. Rinneadh tagairt sa phlé leis an gComhchoiste don bhunús a bhí le tiomantas don Ghaeilge in Alt 6 den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988 agus an beag athrú a tháinig air seo ó shin agus atá léirithe anois in Alt 66 den Acht Craolacháin 2009. Thug ÚCÉ / BAI le fios don Choiste nár leor seo agus go raibh líon na n-ábhar craoltóireachta i nGaeilge thar a bheith íseal. Luadh go mbreathnófaí ar bhealaí chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo in aon phróiseas nó athbhreithniú nua ar chonarthaí craolacháin don earnáil. Mheabhraigh ÚCÉ / BAI, áfach, go raibh dúshlán anseo do na stáisiúin raidió thráchtála toisc nach seirbhísí craolacháin poiblí iad agus go bhfuil siad go mór in iomaíocht le dreamanna móra mar Facebook, Google 7rl. fógraíocht a mhealladh. In ainneoin sin, bheadh deis ann i 2023 agus ÚCÉ / BAI ag dul i mbun chonarthaí nua a eisiúint, an Ghaeilge a neartú i gconarthaí craolacháin ach meastar go mbeadh na stáisiúin thráchtála ag lorg airgid stáit chun é seo a dhéanamh.

Thug ÚCÉ / BAI eolas don Choiste ar thuarascáil a cuireadh ar fáil i Mí Eanáir 2018 maidir le húsáid na Gaeilge ar an raidió. Míníodh don Choiste gurb é seo an chéad chéim sa phróiseas taighde agus go raibh an tuarascáil bunaithe ar thorthaí suirbhé ar líne maidir le soláthar reatha na gclár Gaeilge ar gach seirbhís raidió cheadúnaithe in Éirinn a bhí ann. Níor thug ÚCÉ / BAI breithiúnas foirmiúil ar an tuarascáil ach tugadh le fios go raibh sé i gceist ag an gcomhlacht é seo a dhéanamh. Maidir le heaspa iomlán ábhar craolacháin i nGaeilge ar roinnt seirbhísí tráchtála agus pobail faoi cheadúnas an rialtóra, míníodh don Choiste go raibh anailís shonrach déanta ag ÚCÉ / BAI ar thiomantas na stáisiún sin nach raibh cláir Ghaeilge ar bith acu agus a ainmníodh i dtuarascáil na Dochtúirí John Walsh agus Rosemary Day, 'Research on the Use of Irish on Radio'. Bhí ÚCÉ / BAI sásta amhail Eanáir 2018 go raibh gach stáisiún ag craoladh na cláir Ghaeilge a bhíodhas tiomanta dóibh agus atá luaite ina ráitis maidir le beartais chláir.

D'ainneoin an méad thuasluaite agus na tiomantais sna beartais chláir ó na stáisiúin raidió thráchtála, ba mhian leis an gComhchoiste go mbeidh monatóireacht níos éifeachtaí ar bun.

Tá teacht ar thaifead ar an bplé thuas ag an nasc seo:-

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2018-05-29/2/

5.4 Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Coláiste Mhuire gan Smál Ollscoil Luimnigh

Thug na Dochtúirí John Walsh (Ollscoil na hÉireann Gaillimh) agus Rosemary Day (Coláiste Mhuire gan Smál – Ollscoil Luimnigh) cur i láthair don Choiste ar dhá ócáid ar leith. Léiríonn a dtaighde ar úsáid na Gaeilge ar an raidió go gcráoltar 3.5 uair de Ghaeilge ar an meán ar stáisiúin raidió i gcoitinne (RTÉ Raidió na Gaeltachta as an áireamh) agus go gcráoltar na huairéanta seo ag amanna lasmuigh de na buaicamanna, cuid acu i lár na hoíche. Luaitear sa taighde seo gur chraol 40 as 59 stáisiún cláir Ghaeilge nó cláir dhátheangacha dá gcuid féin agus, maidir le RTÉ Radio 1, gur athchraoltaí ó RTÉ Raidió na Gaeltachta iad na craoltaí uilig taobh amuigh den Nuacht.

Taispeánann an taighde a léiríodh ag an gcéad chur i láthair a rinne na Dochtúirí John Walsh agus Rosemary Day don Chomhchoiste go raibh ceithre stáisiún thráchtála ann nár chraol aon ábhar Gaeilge agus ceithre stáisiún eile nach raibh ag craoladh ach míreanna gearra sa teanga. Tháinig feabhas air seo idir 2017 agus 2018 agus tuairiscíodh go raibh méadú beag ar ábhar craolacháin san earnáil seo. Maidir leis na stáisiúin a bhí ag craoladh i gcontaetha Gaeltachta (Radio Kerry, Galway Bay FM, IRadio Northwest, C103, Cork's 96 FM, Red FM, Spin Southwest, Midwest Radio, iRadio Northwest, LM FM, iRadio Midlands and Northeast, WLR), bhí idir 0.25% agus 3% den ábhar craolacháin ina iomláine á chraoladh ach ábhar éadrom a bhí anseo ar fad. Bhí na taighdeoirí dóchasach, áfach, go mbeadh feabhas beag ar an scéal seo in 2018. Ní raibh aon seirbhís nuachta i nGaeilge ann ar aon stáisiún thráchtála nó pobail.

I gcoitinne, bhí an bheirt taighdeoirí go láidir den tuairim gur ról siombalach atá ag an nGaeilge sa chraoltóireacht agus nach bhfuil an teanga á cothú mar theanga bheo san earnáil seo. Mar a fheictear thuas, tá an chuma ar an scéal nach ndíríonn na stáisiúin ach ar ghnáthéisteoirí le beagán Gaeilge don chuid is mó agus nach ndéantar mórán soláthair do chainteoirí líofa. B'fhiú go mór aird a thabhairt ar lucht na Gaeilge atá ina lucht éisteachta ag na stáisiúin seo agus an fhéidearthacht atá ann lucht níos leithne a mhealladh trí Ghaeilge a chraoladh le linn a gcuid clár. Maidir leis na craoltóirí féin, moladh go láidir go mbeadh sé ina aidhm acu a gcuid clár Gaeilge féin a léiriú a bheadh in oiriúint dá lucht éisteachta féin agus go gcráolfaí na cláir seo le linn na mbuaicamanna éisteachta. Chomh maith leis sin, ba chóir do na stáisiúin atá ag freastail ar cheantair Ghaeltachta béim níos láidre a leagadh ar an nGaeilge.

Tá seirbhísí raidió ceadaithe faoin Acht Craolacháin 2009 agus de réir na Dochtúirí John Walsh agus Rosemary Day, is ar éigean atá an tAcht seo ag freastal ar ábhar craoltóireachta Gaeilge. Dar leo, tá na míreanna faoin nGaeilge sa reachtaíocht seo lag agus doiléir agus ní léir go dtugann córas monatóireachta ÚCÉ / BAI tús áite do stádas na teanga sa chraoltóireacht i gcoitinne.

Molann siad go dtreiseofaí na míreanna faoin nGaeilge san Acht, Alt 66 ach go háirithe, chun cur le cumas ÚCÉ / BAI polasaithe Gaeilge gníomhacha a fhorbairt i bpáirt leis na stáisiúin raidió.

Mhol na taighdeoirí don Chomhchoiste go mbeadh Coiste Comhairleach Gaeilge i bhfeidhm ag ÚCE chomh maith le hOifigeach Gaeilge lánaimseartha, mar a bhí i gceist suas go dtí 2002. Moladh freisin go ndrúachtfáí polasaí gníomhach don Ghaeilge don earnáil chraolacháin raidió. Is faoi ÚCÉ / BAI atá sé tuiscint a chothú sna stáisiúin raidió ar riachtanais éisteachta na n-éisteoirí a bhfuil Gaeilge lag nó láidir acu agus an soláthar ar chóir a chur ar fáil dóibh. Moltar an soláthar Gaeilge seo a chur san áireamh ag an rialtóir in aon athbhreithniú / mhonatóireacht a dhéanfar ar na stáisiúin.

Tá teacht ar thaifead ar an bplé thuas ag an nasc seo:-

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2018-05-01/3/

5.5 Raidió na Life

Tháinig Raidió na Life ar an bhfód i 1993 agus is é an t-aon stáisiún raidió pobail lán-Ghaeilge atá ag feidhmiú sa Stát le 25 bliain anuas. Freastalaíonn sé ar éisteoirí a labhraíonn agus a thuigeann Gaeilge ar gach leibhéal i mórcheantar Bhaile Átha Cliath go háirithe, agus tríd na hardáin dhigiteacha. Thug ionadaithe ó Raidió na Life cur síos do chomhaltaí ar an obair luachmhar a dhéanann an tseirbhís raidió seo le pobail mhionteangacha eile sa phríomhchathair, le dornán clár á gcur i láthair i dteangacha pobail inimirceacha ar nós na Spáinnise agus na Portaingéilise, mar aon le mionteangacha cosúil leis an gCatalóinis.

Tá foireann de thriúr ag obair go lánaimseartha agus beirt go páirtaimseartha sa stáisiún agus bíonn thart ar 100 láithreoir dheonacha ag craoladh leis an stáisiún ag aon am amháin. I gcomparáid le raidió pobail eile sa tír seo, tá an-bhuntaiste ag an stáisiún seo toisc go bhfaigheann sé maoiniú seasta de thart ar €240,000 ó Fhoras na Gaeilge. Mar sin féin, rinneadh gearradh siar ar an deontas le blianta beaga anuas agus míníodh don Choiste go raibh an stáisiún thíos leis seo nuair a glactar boilsciú san áireamh. Mar aon le méadú ar chostais thuarastail, is ionann seo agus íslíú bliain i ndiaidh a chéile ar an maoiniú atá ar fáil do chostais oibríochtúla eile an stáisiúin. Beidh an deontas ilbhliantúil reatha ón bhForas ag dul in éag ag deireadh 2018 agus ní heol don stáisiún cad atá i ndán dó ó thaobh socrúithe maoinithe de tar éis 2018. Dúshlán mór é an éiginnteacht mhaoinithe seo mar nach bhfuil ar chumas bhainistíocht an stáisiúin pleanáil fhadtéarmach airgeadais agus oibriúcháin a dhéanamh chun Raidió na Life a fhorbairt mar sheirbhís agus mar áis do phobal na Gaeilge sa phríomhchathair don todhchaí.

Chun dul i ngleic leis na dúshláin mhaoinithe thuas, mhol ionadaithe ó Raidió na Life féachaint ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le hinfheistíocht dhíreach a dhéanamh sa stáisiún ar bhonn bliantúil ag baint leas as céatadán den táille cheadúnais teilifíse. Dar le Raidió na Life, dhéanfaidh infheistiú de 0.3% den táille iomlán den cheadúnas teilifíse difríocht ollmhór dó trí bhuiséad de €1,050,000 a chur ar fáil don stáisiún.

Tugadh le fios do chomhaltaí an Chomhchoiste nach fios dóibh go bailí líon éisteoirí an stáisiúin agus moladh go ndéanfaí maoiniú ar shuirbhé / thaighde dá leithéid trí dheontas ar leith ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta mar chuid dá gníomhais i leith na Gaeilge. Thabharfadh an taighde seo léargas ar staid reatha an stáisiúin raidió phobail lán-Ghaeilge agus meastar go mbeadh sé seo cabhrach agus faisnéiseach agus beartais rialtais i leith na Gaeilge agus na craoltóireachta Gaeilge á bpleanáil don todhchaí. Bheadh deiseanna sa taighde seo freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar chraoladh i gceantar geografach níos leithne, le hinfheistíocht chuí in infreastruchtúr tarchuradóireachta atá oiriúnach.

5.6 Raidió Rí-Rá

Is stáisiún lán-cheoil Gaeilge é Raidió Rí-Rá atá dírithe ar dhaoine óga idir 12 agus 30 bliain d'aois go príomha agus atá ag craoladh ar líne, ar DAB i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh chomh maith. Dar leis an gcraoltóir, is é ceann de na rudaí is tábhachtaí a dhéanann an stáisiún ná 'normalú ar an teanga' trí naisc a chothú idir an Ghaeilge agus gnáthshaol laethúil an aos óig. Soláthraíonn an stáisiún áis luachmhar mhúinteoireachta trí phodchraoltaí agus agallaimh a chur ar fáil ar an suíomh agus tá an áis seo in úsáid ag múinteoirí go minic do léamhthuiscintí agus do chluasthuiscintí sa seomra ranga.

Maidir leis na dúshláin a bhaineann leis an gcraoltóireacht Ghaeilge, creideann Raidió Rí-Rá go bhfuil bearna mhór amháin ann san earnáil chraoltóireachta raidió sa chaoi is nach bhfuil aon stáisiún raidió ag craoladh trí Ghaeilge ar an mbanda FM go huile-oileánda do dhaoine óga. Tá éileamh air seo mar a léiríodh i suirbhé a rinneadh siar i 2005 leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Coimisiún Craolacháin na hÉireann agus Foras na Gaeilge agus léiríonn an suirbhé seo go bhfuil 75% den phobal i bhfabhar stáisiúin raidió trí mheán na Gaeilge don aos óg.

Cé go bhfuil Raidió Rí-Rá toilteanach dul ar aghaidh agus a sheirbhís a chur ar fáil ar an ardán seo, níl ceadúnas craolacháin acu go fóill. In ainneoin sin, dúradh leis an gComhchoiste go raibh lucht leanúna láidir ag an stáisiún ar na meáin shóisialta agus bhí siad go láidir den tuairim nach bhfuil sé neamhghnách ceol as Gaeilge a chloisteáil ar an aer níos mó.

Sa phlé a bhí ann idir comhaltaí an Chomhchoiste agus ionadaithe raidió Rí-Rá, dúradh go raibh sé in am don stáisiún an chéad chéim eile a thógail agus an tseirbhís a sholáthar ar FM go lánaimseartha. Dar leis an stáisiún, bheadh costas de thart ar €1,600,000 ag baint leis seo ach d'fhéadfaí an costas seo a chlúdach le maoiniú airgid ón gceadúnas teilifíse reatha gan aon chostas breise a bheith ann don Stát. Tá tuairim láidir agus leanúnach ag Raidió Rí-Rá nár chóir go mbeadh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ag íoc as gach rud a bhaineann leis an teanga agus gur chóir go mbeadh na ranna rialtais eile ag glacadh lena bhfreagracht maidir leis sin. Bheadh a leithéid de mholadh ag teacht go láidir le cuspóirí agus bunaidhmeanna na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil do phobal óg na Gaeilge.

Tá rialacha áirithe leagtha síos ag ÚCÉ / BAI maidir le soláthar cheadúnais chraolacháin a d'fhéadfadh a bheith ina mbac don stáisiún ach, de réir ionadaithe ó Raidió Rí-Rá, tá díolúintí ag an stáisiún ó na riachtanais maidir le nuacht agus gnéithe eile agus d'fhéadfaí na díolúintí céanna a lorg do sheirbhís chairt stáisiúin nua ar FM.

5.7 Raidió na dTreabh

Bunaíodh Raidió na dTreabh in Aibreán 2016 agus é ina sprioc aige stáisiún pobail Gaeilge a chur ar fáil do mhuintir na Gaillimhe chomh maith le hardán a chruthú do ghlórtha na cathrach agus do chraoltóirí a bhfuil sainspéiseanna faoi leith acu. Maidir le hábhair chláir, craolann an stáisiún cúrsaí reatha, ceol agus nuacht áitiúil trí mheán na Gaeilge. Tá spéis ag an stáisiún freisin i bpobal na Gaeilge a fhorbairt ar bhealach praiticiúil trí chraoltóirí agus cainteoirí a bhailiú le chéile agus seirbhísí faoi leith a sholáthar don lucht éisteachta i nGaillimh agus níos faide i gcéin.

Tá sé mar fhís ag an stáisiún deiseanna fostaíochta agus taithí oibre a chur ar fáil do Chathair na Gaillimhe agus leanúint leis na naisc láidre atá aige le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Raidió Rí-Rá, Flirt FM, agus stáisiúin phobail eile cosúil le Raidió na Life agus Raidió Fáilte. Feictear don stáisiún freisin go bhfuil mórdheiseanna ann chun tuilleadh comhoibrithe a bhaint amach ó bronnadh stádas dátheangach ar chathair na Gaillimhe. Anuas air sin, tá obair mhór ar siúl ag an gcomhairle cathrach agus ag an eagraíocht Gaillimh le Gaeilge chun polasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir leis an gcraoltóireacht Ghaeilge / dhátheangach.

Maraon leis na stáisiúin eile a tháinig os comhair an Chomhchoiste, is é príomhdhúshlán an stáisiúin ná easpa airgid agus áiseanna cuí agus chun aghaidh a thabhairt ar an bhfás leanúnach atá ag teacht ón éileamh don tseirbhís. Níl bainistíocht lánaimseartha ag an stáisiún agus dúntar an stiúideo go minic toisc nach féidir duine a fhostú le bheith i láthair i gcaitheamh na seachtaine. An toradh a bhíonn air seo ná nach bhfuil sé ar chumas an stáisiúin ardchaighdeán agus líon na gclár a sholáthar mar a bhíodh gan tacaíocht bhreise agus bainistíocht lánaimseartha a dhéanamh air. Cuireann easpa acmhainní bac ar uasdátú a dhéanamh ar an gcóras craoltóireachta atá in úsáid faoi láthair.

5.8 Raidió Fáilte

Craoltóir Gaeilge lonnaithe i mBéal Feirste is ea Raidió Fáilte atá ag craoladh 24 uair sa lá, seacht lá sa tseachtain ar FM agus ar líne. Tá maoiniú ag an stáisiún don chuid is mó ó Fhoras na Gaeilge agus ón gCiste Craoltóireachta Gaeilge.

<http://www.northernirelandscreen.co.uk/irish-lanugage-broadcast-fund/maoiniu-funding/>

Is é príomhról an stáisiúin ná a bheith ag obair ar leibhéal trasphobail i gcomhthéacs an Tuaiscirt tríd a bheith ag freastail go leanúnach ar an bpobal Protastúnach / Aontachtach agus leis na pobail eitneacha (an pobal Polannach go háirithe) chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a spreagadh ina measc.

Mhol ionadaithe a bhí láthair ag cruinniú den Choiste go raibh sé tábhachtach go ndéanfaí méadú ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge ionas go bhféadfadh dreamanna ar nós Raidió Fáilte an maoiniú cuí a fháil chun leanúint lena chuid oibre. Mhol an stáisiún freisin go mbeadh fáil aige ar mhaoiniú do léiriúcháin chlár ón scéim 'Sound & Vision' de chuid ÚCÉ / BAI; ní féidir leis cur isteach ar an gciste seo faoi láthair toisc nach bhfuil siad ceadúnaithe sa dlínse seo.

Luadh freisin éifeacht an Bhreathimeachta ar mhaoiniú agus an bhagairt a bhí ann do thionscail chomh-mhaoinithe ón Ríocht Aontaithe agus ó Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, ní fios go fóill an mbeidh na deiseanna céanna ann don stáisiún i ndiaidh an Bhreathimeachta maidir le rannpháirtíocht an stáisiúin i scéimeanna cuairte chuig stáisiúin Raidió san Ostair agus i dTír na mBascach chun taithí a fháil ar an obair atá ar bun acu.

Tá dúshlán ann don stáisiún mar gheall ar an gceadúnas craolacháin mar stáisiún pobail atá acu ón rialtóir sa Ríocht Aontaithe, Ofcom, sa chaoi is go bhfuil limistéar craolacháin teoranta suas go dtí cúig chiliméadar ag an tseirbhís. Thug ionadaithe ón stáisiún le fios don Choiste go bhfuil an teorannú cúig chiliméadar seo ina fhadhb mhór a chuireann srian ar an líon suntasach éisteoirí taobh amuigh de lárcheantar Bhéal Feirste éisteacht leis an tseirbhís ar an mhinicíocht FM. Anuas air seo, tá dúshlán eile ann a thagann chun cinn mar gheall ar an naimhdeas stairiúil atá ann thar na blianta cé go bhfuil feabhas ag teacht ar chúrsaí le roinnt blianta anuas.

Tá teacht ar thaifead ar an bplé idir Raidió na Life, Raidió Rí-Rá, Raidió na dTreabh agus Raidió Fáilte ar fail ar an nasc seo:-

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2017-05-30/2/

5.9 Léiritheoirí Scáileáin Éireann / Screen Producers Ireland

Is eagraíocht don earnáil léiriúcháin theilifíse / scannánaíochta é Léiritheoirí Scáileáin Éireann / Screen Producers Ireland (LSÉ / SPI).

<https://www.screenproducersireland.com/>

Bíonn teagmháil rialta acu thar cheann na hearnála leis an mBord Scannán, ÚCÉ / BAI, Fiontraíocht Éireann agus ranna rialtais i gcoitinne. Tá ballraíocht LSÉ / SPI déanta suas de chomhlachtaí léiriúcháin ar fud na tíre uilig, le 11 duine ar an mBord Stiúrtha agus triúr acu siúd ina stiúrthóirí a thagann ón earnáil léiriúcháin Ghaeilge. Tá trí choiste agus grúpa oibre amháin ag an eagraíocht:-

- Coiste Scannánaíochta agus drámaíocht theilifíse;
- Coiste Faisnéise agus siamsaíochta;
- Coiste Beochana;
- Grúpa Oibre S481.

Cé nach bhfuil coiste nó grúpa oibre ar leith ann don earnáil léiriúcháin Ghaeilge, is cosúil go bhfuil LSÉ / SPI ag tabhairt aghaidh ar fhadhbanna na hearnála seo i gcomhthéacs an fháis agus an bhorrtha faoi earnáil an léiriúcháin Ghaeilge le blianta anuas. É sin ráite, b'fhéidir go bhfuil gá lena leithéid ag an bpointe seo chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is mó a bhaineann le táirge ábhar craoltóireachta i nGaeilge, m.sh. maoiniú agus an nuatheicneolaíocht.

Luaigh LSÉ / SPI an tábhacht a bhaineann le tionscnaíocht rialtais don earnáil agus molann sé an Scéim Faoisimh Cánach Scannán (S481) gurb ionann agus caiteachas iomlán Éireannach de €265,000,000 in 2016 agus an tsuim ba airde a bhaineann leis an scéim go dtí seo. Cé gur dea-scéal é seo don earnáil, léirigh LSÉ / SPI an bhuaire a bhí ar na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha maidir leis na moilleanna a bhaineann le próiseáil iarratais agus íocaíochtaí faoin scéim. Is cinnte gur buaire é seo freisin do chomhlachtaí léiriúcháin Gaeilge.

Maidir le craolacháin sheirbhísí poiblí, tá LSÉ / SPI go láidir den tuairim go bhfuil gá le hearnáil láidir chraoltóireachta dhúchasach toisc gurb iad na craoltóirí seirbhísí poiblí a chothaíonn forbairt i measc na gcomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha. San aitheasc scríofa ó LSÉ / SPI, léirítear go bhfuil dúshláin nach beag iad ann i gcónaí don earnáil léiriúcháin Ghaeilge. Ní sholáthraíonn earnáil na Gaeilge inmharthanacht ann féin don tionscadail seo agus, fad agus a bhaineann sé leis an nGaeltacht, is ar TG4 atá siad ag brath, nach mór ina iomláine. Tá sé seo faoi bhagairt anois, áfach, de thoradh na gciorruithe airgeadais do TG4 le blianta anuas. Cé go bhfuil ardú áirithe tagtha ar chaiteachas TG4 ar léiriúcháin neamhspleácha le bliain nó dhó anuas agus foinsí maoiniúcháin á n-éagsúlú freisin, ní leor seo d'inmharthanacht na hearnála.

Tá an-bhuaire ar LSÉ / SPI nach bhfuil téarmaí trádala bunaithe ar chód cleachtais cóirtrádála idir TG4 agus an earnáil neamhspleách Ghaeilge. Baineann na téarmaí seo le maoinintleachtúla agus cúrsaí cóipchirt. Tá LSÉ / SPI den tuairim nach bhfuil straitéis reatha TG4 ina leith seo ag teacht le treoir ÚCÉ / BAI maidir leis an gCód um Chleachtas Cóirtrádála agus is iad na comhlachtaí neamhspleácha a bhíonn ag brath go mór ar TG4 atá thíos leis.

Anuas ar an méad thuasluaite, deir LSÉ / SPI go bhfuil buaire ar na comhlachtaí léiriúcháin Gaeilge maidir le córas nua coimisiúnaithe TG4 a tháinig ar an bhfód i 2017. Bronnadh coimisiúnaithe ilbhliana ar thart ar sheacht gcomhlacht léiriúcháin agus, dar le LSÉ / SPI, is ó thaobh amuigh den Ghaeltacht 40% daobhtha. Tá comhlachtaí beaga thíos leis dá bharr agus ní féidir leo cur isteach ar thogra aonarach amháin faoin straitéis nua seo. Molann LSÉ / SPI go mbeadh mionstraitéis ag TG4 do na comhlachtaí beaga sin nach bhfuil ina gcuid den chóras ilbhliana a thabharfadh deis dóibh coimisiúnaithe a bhaint amach leis an gcaoltóir.

5.10 Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann / Independent Broadcasters of Ireland

Maidir le seirbhísí raidió nach seirbhísí craolacháin poiblí iad, tá 34 stáisiún raidió neamhspleácha ag craoladh sa Stát le ceadúnas craolacháin acu ó Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann / Independent Broadcasters of Ireland (CNÉ / IBI). Is é CNÉ / IBI a dhéanann ionadaíocht thar cheann na seirbhísí raidió tráchtála seo (<http://www.ibireland.ie/>). Luaigh CNÉ / IBI sa ráiteas a chur siad ar fáil don Choiste nár tháinig aon laghdú ar chaighdeán craoltóireachta na seirbhísí seo in ainneoin an chúlaithe eacnamaíochta sa tír ó 2008 ar aghaidh. Bíonn na stáisiúin ag brath ina iomláine ar airgead fógraíochta agus, dar le CNÉ / IBI, tá tionchar na heaspa airgid seo le feiceáil seacht n-uaire níos measa sna stáisiúin raidió neamhspleácha ná mar atá sé in an-chuid gnóthaí eile.

Maidir le soláthar ábhair Ghaeilge i gcraoltaí, bíonn gealltanais leagtha amach ag gach stáisiún raidió neamhspleách do chlár Ghaeilge sna conarthaí atá acu le ÚCÉ / BAI. Pléann bainistíocht na stáisiún an t-ábhar seo le ÚCÉ / BAI chun a bheith cinnte go bhfuil an méad atá leagtha amach oiriúnach don tseirbhís áirithe sin agus déantar monatóireacht orthu chun a chinntiú go bhfuil na craoltóirí ag cloígh leo. Dar le CNÉ / IBI, tá Gaeilge á craoladh ag gach stáisiún raidió neamhspleách cé go dtarlaíonn sé in amanna nach mbíonn clár Gaeilge ar an aer, tríd tinneas, láithreoir ag imeacht óna post, athrú saoil an láithreora agus cúiseanna eile nach iad. Luaigh CNÉ / IBI nach mbíonn gearáin ann ó lucht na Gaeilge thart timpeall na tíre maidir le clár Ghaeilge. Cé go mbíonn sé deacair teacht ar láithreoirí don earnáil neamhspleách raidió, tá sé i bhfad níos deacra teacht ar dhaoine a bhfuil Gaeilge mhaith labhartha acu chomh maith leis na hardscileanna craoltóireachta atá ag teastáil agus atá sásta an réamhullmhúcháin a dhéanamh iad féin leis na scileanna teicneolaíochta cuí.

Maidir leis an todhchaí, tá CBÉ / IBI go láidir den tuairim go bhfuil gá le reachtaíocht leasaitheach nó le rialacha agus rialacháin nua. Tá tacaíocht agus cúnaimh ó na stáisiúin chun ábhar craoltóireachta Gaeilge a chur ar fáil ar a gcuid seirbhísí agus dealraíonn CNÉ / IBI gurb amhlaidh a bhí sa tréimhse 2002 go 2006 nuair a bhí Oifigeach Forbartha Gaeilge ceaptha ag CBÉ / IBI. D'oibrigh an t-oifigeach seo leis na stáisiúin agus soláthraíodh tacaíocht dóibh go rialta chun é seo a bhaint amach. Creideann CNÉ / IBI gur chóir an ról seo a thabhairt ar ais ionas go mbeidh duine freagrach as an teanga agus go mbeidh acmhainn ann do na stáisiúin raidió agus gaol á fhorbairt idir na stáisiúin féin agus iad siúd gur spéis leo ábhar craolacháin ar na haerthonnta.

Aguisín 1 – Gealltanais TG4 maidir le Craoltóireacht na Gaeilge

Ráiteas Seirbhíse Poiblí

Meabhraítear i ráiteas dualgais reachtúla TG4 (<http://d1og0s8nlbd0hm.cloudfront.net/tg4-redesign-2015/wp-content/uploads/2015/07/Chairt-PSB.pdf>), mar atá leagtha síos san Acht, gur ar mhaithe le cur chun cinn agus caomhnú na teanga atá freagrachtaí i leith na teanga á gcur i gcríoch. Díríonn an stáisiún ar lucht labhartha na Gaeilge agus orthu siúd a bhfuil suim acu sa Ghaeilge i ngach aoisghrúpa. Déantar freastail freisin orthu siúd ag a bhfuil suim acu sa chultúr Gaelach, sa cheol agus sa spórt ach go háirithe.

Déanann TG4 coimisiúnú ar chláir i nGaeilge go príomha i ngach seánra mar aon le 'nasc Gaeilge a sholáthar go laethúil le gach teaghlach, agus a chuireann chun cinn an Ghaeilge ar bhealach tarraingteach inrochtana'. Leagtar amach go beacht sa ráiteas gur ag freagairt don fhís 'teanga agus cultúr na Gaeilge a chur chun cinn go rathúil trí leas a bhaint as ábhar teilifíse agus gréasáin chun go mbeadh spás lárnach ag an nGaeilge i saol gach Éireannach, sa tír seo agus thar sáile' atá na spriocanna seo.

Tuarascáil Bhliantúil 2017

I dTuarascáil Bhliantúil an chraoltóra luaitear gurb é an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt príomhfheidhm an stáisiúin.

<https://d1og0s8nlbd0hm.cloudfront.net/tg4-redesign-2015/wp-content/uploads/2015/08/TG4-Tuarascail-17-G.pdf>

Cé go bhfuil sciar lucht féachana TG4 i bhfad níos ísle ná RTÉ, thug an stáisiún air féin níos mó den lucht féachana óg a mhealladh le hábhair agus seirbhísí Gaeilge dírithe ar an daonra seo ach go háirithe.

Lean an stáisiún i 2017 ag cuir le tograí eile mar acmhainn foghlama Gaeilge, cartlann dhigiteach Ghaeilge agus tomhais ar thionchar TG4 maidir le haird ar an nGaeilge agus leis an nglacadh léi mar ghnáthchuid de shaol na hÉireann.

Anuas ar an méad thuasluaite, liostaíonn TG4 na príomhbhuanna seo a leanas a baineadh amach in 2017:-

- Feidhmíocht in aghaidh spriocanna bainte amach thar 72%;
- Méadú ar sciar TG4 den lucht féachana agus ardú ar mheánsciar den lucht féachana naisiúnta teilifíse i rith an lae;
- Fás suntasach ar aird na ndaoine ar ábhar TG4 ar na meáin neamhlíneacha;
- 45% d'uairanta an chloig craolacháin TG4 dírithe ar an gcroílucht féachana agus 55% dírithe ar an lucht féachana náisiúnta teilifíse go ginearálta;

- Téagar breise curtha leis an ábhar nuachta agus cúrsaí reatha;
- Méadú ar chlár dhrámaíochta, shiamsaíochta agus fhaisnéise agus clár do leanaí;
- Infheistíocht shuntasach i mbunábhar nua coimisiúnaithe do pháistí;
- Ardáin nua neamhlíneacha: Bloc (daoine 18-35 bliana d'aois) agus Molscéal (ábhar nua dírithe ar an gcroílucht féachana);
- Obair fhorbartha maidir le hardáin spóirt TG4 ar na meáin shóisialta (Facebook, Twitter agus Youtube) agus ar ardáin shóisialta TG4 féin ar Facebook, Instagram, Twitter, Snapchat agus YouTube;
- Forbairt le mol ábhair Cúla4 ar Facebook agus Youtube; agus
- treisíodh leo sin trí dhearadh nua a chruthú do bhrandaí Spóirt TG4, Bloc, Molscéal agus Cine4.

Aguisín 2 – Gealltanais Raidió Teilifís Éireann maidir le Craoltóireacht na Gaeilge

Ráiteas Seirbhíse Poiblí

D'fhoilsigh RTÉ a 'Ráiteas Seirbhíse Poiblí 5 Bliana in 2015.

<https://static.rasset.ie/documents/about/18432-RTÉ-strategystatement-irish-v4.pdf>

Bhí an ráiteas infheidhme ar feadh cúig bliana go 2020. Déantar tagairt ghinearálta do dhualgais an chraoltóra sa ráiteas maidir le soláthar clár ar réimse leathan ábhair i mBéarla agus i nGaeilge. Déantar tagairt ar leith don tseirbhís raidió, RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus luaitear go soláthróidh an stáisiún seirbhís naisiúnta Ghaeilge a chothóidh fíorcheangail phearsanta don éisteoir le saol na Gaeilge agus na Gaeltachta. I liosta na bprionsabal atá leagtha amach sa ráiteas, déantar tagairt faoin bhfo-théama 'léiriú cultúir a chur chun cinn', do 's(h)eirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon'.

Tuarascáil Bhliantúil 2017

I dTuarascáil Bhliantúil an chraoltóra do 2017, luann RTÉ go bhfuil an Ghaeilge 'neadaithe san éiteas atá againn maidir le 25 sheirbhís RTÉ'.

<https://static.rasset.ie/documents/about/RTÉ-annual-report-irish.pdf>

Is é straitéis teanga RTÉ ná go mbeadh an Ghaeilge mar chroílár gach a ndéanann an craoltóir. Maíonn RTÉ sa tuarascáil bhliantúil go bhfuil sé mar lárionad i dtaobh na nuálaíochta sna meáin Ghaeilge, áit a bhfuil timpeallacht bhríomhar maidir le hábhar Gaeilge á chruthú ina bhfuil an leas is fearr á bhaint as tallann, as scileanna agus as cruthaitheacht na ndaoine den fhoireann a bhfuil Gaeilge acu.

Leagadh béim ar ábhar digiteach a raibh nuálaíocht ag baint leis agus cuireadh leis an ábhar seo in 2017. Gaeilge de chuid RTÉ arna ceapadh go speisialta don phodchraoladh ar fáil don chéad uair. Maidir le hábhar spóirt ar an stáisiún, craoladh níos mó cluichí de chraobhchomórtas Uile-Éireann CLG le tráchtairacht sa dá theanga sa bhliain 2017 i gcomparáid le haon bhliain go dtí sin – bhí tráchtairacht ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ó na cluichí ceathrú ceannais ar aghaidh. Tharla leathnú freisin maidir le líon na n-ardán a bhféadfaí toghadh idir an dá rogha tráchtairachta agus bhí an tseirbhís sin ar fáil ar Saorview, Sky, Eir agus Virgin Media. Tógadh suíomh idirlín ar leith don teanga freisin ag RTÉ.ie/gaeilge.

Maidir le buachpointí Gaeilge an chraoltóra in 2017, luadh an chéad cheoldráma a ceapadh i nGaeilge ar an stáitse don chéad uair le breis agus 100 bliain a chraol RTÉ Raidió na Gaeltachta beo in éineacht le RTÉ Lyric FM. Craoladh clár nuachta dhátheangacha ar RTÉ2 FM mar chuid de Sheachtain na Gaeilge in áit na ngnáthchlár a craoltar.

Lean RTÉ2 FM, i gcomhar le Conradh na Gaeilge, den chúnamh maidir leis an albam Ceol, albam amhráin mór-ráchairt RTÉ i nGaeilge le roinnt de na hoifidigh is mó le rá in Éirinn. Don chéad uair riamh, d'oibrigh RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ1 i gcomhar lena chéile ar sheirbhísí reiligiúnacha a chomhchraoladh ar an raidió agus ar an teilifís.

Meáin Ghaeilge RTÉ – Plean Gníomhaíochta 2015-2019

Maidir leis an nGaeilge ach go háirithe, sheol RTÉ plean cuimsitheach i Meán Fómhair 2015 ar a gcuid gníomhaíochta: 'Meáin Ghaeilge RTÉ – Plean Gníomhaíochta 2015-2019'.

<https://static.rasset.ie/documents/about/18286-RTÉ-meaingaeilge-actionplan-irish-v4-screen.pdf>

Tá sé mar aidhm ag an bplean nach mór 100 gníomh a chuir i gcríoch chun an Ghaeilge a fhí isteach i réimsí éagsúla RTÉ. Dar le RTÉ, in 2016 baineadh amach 95% de na gníomhartha a bhí ag ÚCÉ / BAI le baint amach. Ina measc bhí:-

- Úsáid níos minice as an nGaeilge ag lucht leanúnachais na seirbhísí teilifíse;
- An leagan Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta á úsáid i bhfeasacháin nuachta agus in áiteanna eile;
- Tráchtairacht sa dá theanga á cur ar fáil ar chluichí i gCraobhchomórtais CLG (Cumann Lúthchleas Gael) agus ag Euro 2016;
- Úsáid níos leithne as an nGaeilge ar RTÉ2 FM;
- Leathnú ar Sheachtain na Gaeilge ar RTÉ agus an ghníomhaíocht a bheith i bhfad níos feiceálaí;
- Gaeilge a bheith in úsáid ar phríomhardáin agus ar phríomhchuntais RTÉ ar na meáin shóisialta;
- Táirgí digiteacha Gaeilge, a leithéid an seinnteoir raidió agus aip Saorview, a sheoladh;
- Méadú 1.5 uair an chloig ó thaobh ábhair nua;
- Méadú ar roghanna maidir le tráchtairacht spóirt sa dá theanga;
- Infheictheacht níos láidre don teanga;
- Fotheidil a sheachadadh i nGaeilge agus polasaí seirbhíse teicniúil ar leith Clos-Tuairiscithe a sheachadadh.

Aguisín 3 – Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland: A Dhualgais maidir le Craolachán Gaeilge (An tAcht Craolacháin 2009)

- Alt 25 (2)(h):** Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla (h) forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.
- Alt 66 (2)(d):** Le linn don gCoiste um Dheonú Conarthaí breithniú a dhéanamh ar iarratais dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus a bheidh faighte aige agus a chinneadh cé hé nó cé hí an t-iarratasóir is oiriúnaí chun conradh craolacháin a dheonú dó nó di, beidh aird aige ar na nithe seo a leanas— (d) líon, cáilíocht, réimse agus cineál na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann a bheartaítear a sholáthar.
- Alt 66 (3):** Le linn don gCoiste um Dheonú Conarthaí breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht aon iarratasóra chun conradh craolacháin fuaimne a dheonú dó nó di chun seirbhís craolacháin fuaimne a sholáthar i leith limistéir a bhfuil limistéar Gaeltachta ar áireamh ann, beidh aird ar leith aige ar bhuanú agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha.
- Alt 69 (9):** Le linn don Údarás a dhualgais a chomhall faoi fho-ailt (7) agus (8), beidh aird chuí aige ar lánas cláir: (a) atá i nGaeilge.
- Alt 70 (2)(a):** Áiritheoidh an tÚdarás, maidir le seirbhís clár teilifíse a chuirfidh conraitheoir seirbhíse clár teilifíse ar fáil faoin alt seo, go mbeidh sí mar seo a leanas i leith a cuid clár - (a) beidh aird aici ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile, coimeádfaidh sí i gcuimhne a riachtanaí atá comhthuiscint agus síocháin ar fud oileán na hÉireann uile, áiritheoidh sí go léireoidh na cláir na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta, agus beidh cás ar leith aici do na hairíonna a shainíonn an cultúr sin agus go háirithe don Ghaeilge.
- Alt 82 (g):** Ní cheapfar duine chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhord corparáide mura mbeidh tairbhí aige nó aici ar réimse amháin nó níos mó, nó mura mbeidh cumas léirithe aige nó aici i réimse amháin nó níos mó, de na réimsí seo a leanas— (g) nithe a bhaineann le forbairt na Gaeilge.

Aguisín 4 – Údarás Craolacháin na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland: Gníomhaíochtaí maidir le Craolachán Gaeilge

Athbhreithnithe Bliantúla

Is faoi ÚCÉ / BAI atá sé a chinntiú go bhfuil TG4 agus RTÉ araon ag comhlíonadh a gcuid freagrachtaí faoin Acht Craolacháin 2009 agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanais bliantúla agus dualgaisí eile na gcráoltóirí maidir le soláthar sheirbhís chraolacháin phoiblí. Déantar é seo mar chuid den athbhreithniú bhliantúil ar mhaoiniú poiblí nuair a dhéantar breithniú ar an méad a baineadh amach de gealltanais fheidhmíochta an dá chraoltóra don bhliain roimhe. Díriodh sna hathbhreithnithe ar na réimsí sin a mheas ÚCÉ / BAI a bheith lárnach chun craolachán seirbhíse poiblí a sholáthar. Ba iad sin: feidhmíocht lucht féachana / éisteachta; leibhéal agus cineál an aschuir lánais a táirgeadh; an luach ar airgead a bhí á sholáthar; agus an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach.

Athbhreithniú Cúig Bliana

Mar aon leis na hathbhreithnithe bliantúla a pléadh thuas, déanann ÚCÉ / BAI athbhreithniú cúig bliana ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí do RTÉ agus do TG4 chun iad a chumasú chun a gcuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Tá dualgais ar TG4 agus ar RTÉ tuairisc a sholáthar ar dhul chun cinn a bpleananna straitéiseacha cúig bliana. Tháinig na pleananna straitéise reatha chun deiridh in 2017.

Bhí straitéisí TG4 agus RTÉ maidir leis an nGaeilge leagtha amach go soiléir sna straitéisí cúig bliana (2012-2017) agus déantar anailís agus breithniú orthu seo agus ar a baineadh amach san athbhreithniú cúig bliana faoi stiúir ÚCÉ / BAI. Freisin, tugtar anailís ar na pleananna atá ag an dá chraoltóir maidir leis an nGaeilge sna pleananna straitéiseacha nua cúig bliana (2018-2023) a cuireadh faoi bhráid ÚCÉ / BAI ag deireadh 2017. Foilseoidh BAI / ÚCÉ an t-athbhreithniú cúig bliana in 2018 le hanailís ar an méad a bhain an dá chraoltóir amach do chraoltóireacht na Gaeilge le cúig bliain anuas, mar aon leis an méad a bhfuil sé i gceist a bhaint amach sa cúig bliana atá rompu. Caithfear a bheith aireach, áfach, gurb iad na craoltóirí féin a leagann síos a gcuid gealltanais agus gur féintuairisciú atá sa phróiseas seo den chuid is mó. Cé go bhfuil ÚCÉ / BAI dearfach go leor ina athbhreithnithe bliantúla ar TG4 agus RTÉ, d'fhéadfaí a rá go mb'fhéidir gurb é an t-athbhreithniú cúig bliana an chéim is tábhachtaí den phróiseas athbhreithnithe seo. Is mar chuid den phróiseas tábhachtach seo a iarrann ÚCÉ / BAI ar chomhairleoirí neamhspleácha féachaint siar ar céard atá bainte amach ag an tseirbhís chraolacháin phoiblí le cúig bliana anuas agus céard atá sé i gceist acu a bhaint amach sa chúig bliana atá rompu.

Níl teacht ar anailís na gcomhairleoirí neamhspleácha go fóill; tá dréacht-thuarascáil curtha faoi bhráid ÚCÉ / BAI agus beidh moltaí ÚCÉ / BAI á bhfógairt am éigin in 2018.

Maoiniú Údarás Craolachán na hÉireann / Broadcasting Authority of Ireland don Chraolachán Gaeilge

Tá ciste craolacháin ann ó bhí 2003 ann i leith chun maoiniú a thabhairt do léiriúcháin ábhair chraoltóireachta faoi fhreagracht ÚCÉ / BAI. Is 7% ó ghlanfháltais bhliantúla na táille ceadúnais teilifíse a thagann ioncaim an chiste gurb ionann é agus ca €14,000,000 in 2017. Oibríodh dhá scéim faoin gciste seo in 2017 agus is é an scéim 'Sound & Vision', a thacaíonn le cláir a mhaoiniú, an scéim is mó spéise don chraolachán Gaeilge.

As an iomlán de €11,270,000 a deonaíodh in 2017 do chláir nua ón scéim 'Sound & Vision', ba é 12% a deonaíodh do chláir go hiomlán trí Ghaeilge agus 11% do chláir dhátheangacha. B'ionann seo agus 17 clár ina iomláine ar sheirbhísí craolacháin poiblí TG4 agus RTÉ agus ba 11 clár a léiríodh go hiomlán trí Ghaeilge.

Aguisín 5 – Fotheidealú

Is éard is fotheidealú ann ná an léiriú téacsúil den teanga labhartha ag luas an chláir nó an scannáin. Tá dhá chineál fhotheideal ann: fotheidil oscailte (ar an scáileán an t-am ar fad) agus fotheidil dhúnta (gur féidir a lasadh nó a mhúchadh de réir toil an úsáideora).

Tá dhá fheidhm ar leith ag fotheidealú: rochtain a éascú don úsáideoir agus aistriúcháin a chur ar fáil. Maidir leis an reachtaíocht reatha, is ar inrochtaineacht sheirbhísí craolacháin ag daoine faoi mhíchumas a leagtar an bhéim agus is faoin ÚCÉ / BAI atá sé na rialacha cuí a leagadh síos. Faoi na rialacha seo, leagtar síos céatadán áirithe den aschur mar sprioc don chraoltóir.

Léiríonn taighde idirnáisiúnta agus aithisc ó pháirtithe leasmhara na buntáistí a bhaineann le fotheidealú in aon teanga go ginearálta, agus le teangacha mionlaigh ach go háirithe. TG4 (2011) – Ráiteas Seirbhíse Poiblí.

<http://d1og0s8nlbd0hm.cloudfront.net/tg4-redesign-2015/wp-content/uploads/2015/07/Chairt-PSB.pdf>

Maidir le taighde déanta ag O’Connell (2007), tá tionchar ollmhór ag fotheidil i mBéarla ar chláir i nGaeilge agus tarraingítear aird an lucht féachana ag fotheidil cé go bhfuil siad in ann teanga an chláir a thuiscint:-

“There is considerable justification for criticism of English subtitles on Irish-language programmes as research has shown that it is impossible to ignore subtitles whether or not they are needed (O’Connell 2000). Irish speakers end up involuntarily reading English text while ostensibly watching / listening to Irish-language programmes. Moreover, it has been shown that the written word, i.e. a subtitle, requires considerably more cognitive processing and therefore has a much greater impact than the aural word (O’Connell, 2007).”

O’Connell, E. (2007a) TG4: 10 Years On ADEI Estudios Irlandeses, Number 2, 258-262

<http://www.estudiosirlandeses.org/reviews/tg4-10-years-on/>

Táthar á rá mar sin sa taighde gurb é an bealach is oiriúnaí d’fhoghlaimoirí na Gaeilge ná fotheidealú i nGaeilge a chur ar chláir i nGaeilge mar cabhraíonn na fotheidil le tuiscint na teanga labhartha freisin:-

“Same-language subtitles indicate which words are being spoken, and so, via the lexically-guided retuning mechanism, they can boost speech learning and hence facilitate language understanding (Mitterer and McQueen, 2009).”

[Léirítear le fotheidil sa teanga chéanna cé na focail atá á rá, agus mar sin, tríd an sásra atíunála léacs-treoraithe, féadfar leo foghlaim na hurlabhra a neartú, agus dá bhrí sin, tuiscint ar theanga a éascú .”]

Mitterer, H. and McQueen, J.M. (2009). Foreign Subtitles Help but Native-Language Subtitles Harm Foreign Speech Perception.

“Some of the most important functions of Irish subtitles include familiarising both native speakers (often comfortable only with one dialect) as well as learners with the linguistic standard and formal registers and helping to improve some viewers’ Irish literacy skills through increased exposure to the written word”

[Ar na feidhmeanna is tábhachtaí a bhaineann le fotheidil Ghaeilge, tá taithí a thabhairt do chainteoirí dúchasacha (a mbíonn cuid mhór acu ar a gcompond san aon chanúint amháin) agus d’fhoghlaimoirí ar chaighdeán na teanga agus ar na réimeanna foirmiúla agus cabhrú le feabhas a chur ar scileanna litearthachta Gaeilge daoine den lucht féachana trí bhreis teagmhála leis an bhfocal scríofa.]

(O’Connell, 2014, Subtitles and minority language broadcasting)

<http://www.gaidhlig.tv/post/104092170492/subtitles-and-minority-language-broadcasting-dr>

Tá sé soiléir go gcabhródh fotheidil i nGaeilge le cainteoirí dúchais, foghlaimoirí, nuachainteoirí agus scoláirí, chomh maith le daoine le Gaeilge agus fadhbanna éisteachta acu.

“[Subtitles in Irish] would be of great assistance to native speakers of Irish, who may not be familiar with a particular dialect or some specialised or new terminology. It would also be of assistance to non-native speakers, adult learners, schoolchildren and those with impaired hearing.”

[Ba mhór an chabhair iad [fotheidil i nGaeilge] do chainteoirí dúchasacha Gaeilge, a bhféadfadh nach bhfuil siad cleachta ar chanúint ar leith nó ar théarmaíocht speisialaithe nó nua áirithe. Ba chabhair é freisin do chainteoirí nach cainteoirí dúchasacha iad, d’fhoghlaimoirí fásta, do leanaí scoile agus do dhaoine ar a bhfuil mallachar éisteachta.]

(O’Connell, 2007)

Moltar fotheidealú i nGaeilge a chur ar chlár i nGaeilge agus i mBéarla ar TG4. Moltar fotheidealú dúnta a úsáid chun fotheidil Bhéarla a chur ar chlár i nGaeilge ionas go mbeidh daoine gan Gaeilge in ann an clár a thuiscint agus ionas go mbeidh daoine le Gaeilge in ann na fotheidil i mBéarla a mhúchadh.

“It is absolutely legitimate, and indeed urgently necessary, to insist on a better compromise, namely the provision of more open and closed subtitles as Gaeilge [...] and a switch to closed English subtitles for those who need them.”

[Tá sé go hiomlán bailí agus, go deimhin, is gá go práinneach, comhréiteach níos fearr a éileamh, is é sin le rá, níos mó fotheideal oscailte agus iata as Gaeilge a sholáthar [...] agus athrú go dtí fotheidil iata Bhéarla dóibh siúd a bhfuil gá acu leo.]

(O’Connell, 2014)

Cé go cosnaíonn sé idir €900 agus €1,200 in aghaidh na huaire, agus thart ar €850 ar aistriúcháin do chlár aon uaire, níl mórchostais ann do sholáthar fotheideal agus faoi láthair is thart ar 1% de bhuiséad TG4 a caitear ar fhotheidealú. Mhéadófaí ar na costais seo freisin dá mbeadh na fotheidil ar fáil sa dá theanga, Béarla agus Gaeilge.

Faoi láthair, bíonn na fotheidil seo a leanas ar fáil ar TG4:-

- Fotheidil Bhéarla ar Teiliteacs;
- Fotheidil Bhéarla Oscailte ar Scáileán;
- Fotheidil Gaeilge ar Teiliteacs;
- Fotheidil Bhéarla oscailte ar scáileán agus leanfaidh fotheidil Bhéarla dúnta ar scáileán do na bodhair.

Fotheidil oscailte Bhéarla ar scáileán agus fotheidil Gaeilge ar fáil ach 'Fotheidil' a roghnú ar do ghairesas.

Aguisín 6 – Cruinnithe an Chomhchoiste agus Finnéithe os a Chomhair

07 Feabhra 2017:	Raidió Rí-Rá Conradh na Gaeilge
30 Bealtaine 2017:	Raidió na Life Raidió Fáilte Raidió na dTreabh
11 Iúil 2017:	RTÉ
26 Meán Fómhair 2017:	TG4
01 Bealtaine 2018:	Ollscoil Luimnigh Ollscoil na hÉireann – Gaillimh
29 Bealtaine 2018:	Údarás Craolacháin na hÉireann
23 Deireadh Fómhair 2018:	RTÉ – Raidió na Gaeltachta
23 Deireadh Fómhair 2018:	Ollscoil Luimnigh Ollscoil na hÉireann – Gaillimh

Aguisín 7 – Comhaltaí an Chomhchoiste

An Teachta Dála Connolly – Cathaoirleach

An Teachta Dála Pat the Cope Gallagher

An Teachta Dála Brendan Griffin

An Teachta Dála Fergus O'Dowd

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin

An Teachta Dála Bríd Smith

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh

An Seanadóir Rónán Mullen

An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh

An Seanadóir Brian Ó Domhnaill

An Seanadóir Joe O'Reilly